AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

# Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

DEIREADH FÓMHAIR 2016

Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

© 2016 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Dearadh: *Artwerk Limited* agus *The Unlimited Design Company*

Foilsithe ag:
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Ar fáil ar www.education.ie

# Clár


**Réamhrá leis an Aire** 4

**Achoimre Fheidhmeach** 6

1. **Réamhrá** 10
2. **Cúlra – Cén fáth a bhfuil gá le hAthrú?** 14
3. **Fís don Oideachas Gaeltachta** 16
4. **Sainmhíniú ar an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta** 17
5. **Samhail na Tacaíochta** 19
   - **5.1 COLÚN TACAÍOCHTA 1:** Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú 20
   - **5.2 COLÚN TACAÍOCHTA 2:** Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge 23
   - **5.3 COLÚN TACAÍOCHTA 3:** Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt 30
   - **5.4 COLÚN TACAÍOCHTA 4:** Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge 33
   - **5.5 COLÚN TACAÍOCHTA 5:** Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga 35
   - **5.6 COLÚN TACAÍOCHTA 6:** Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú 41
   - **5.7 COLÚN TACAÍOCHTA 7:** Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo 44
6. **Cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta** 48
7. **Conclúid** 49
8. **Tagairtí** 50

**Liosta na dTáblaí**

Tábla 1: Critéir d'aitheantas mar Scoil Ghaeltachta 11

Tábla 2: Colúin Tacaíochta an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 13

Tábla 3: Colún Tacaíochta 1: Sprioc chun struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú 21

Tábla 4: Colún Tacaíochta 2: Sprioc chun feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge 27

Tábla 5: Colún Tacaíochta 3: Sprioc chun cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt 31

Tábla 6: Colún Tacaíochta 4: Sprioc chun feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge 34

Tábla 7: Colún Tacaíochta 5: Sprioc chun feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga 39

Tábla 8: Colún Tacaíochta 6: Sprioc chun soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú 43

Tábla 9: Colún Tacaíochta 7: Sprioc chun feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo 46

# Réamhrá leis an Aire

Tá áthas orm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo a fhoilsiú, agus tá a fhios agam go bhfuiltear ag tnúth go mór leis i bpobail Ghaeltachta. Tá an Rialtas tiomanta go daingean do láidriú na Gaeilge mar theanga bheo sa Ghaeltacht. Aithnímid tábhacht eacnamaíoch, teangeolaíochta, oideachais agus chultúrtha na Gaeltachta do mhuintir na hÉireann agus, dá bhrí sin, tá láidriú ar úsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta ar cheann de na príomhaidhmeanna sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* de chuid an Rialtais. Leagann an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* amach an chaoi ina dtacóidh an córas oideachais leis an gcuspóir sin.

Sa *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* de chuid mo Roinne tá, i measc na spriocanna uileghabhálacha, spriocanna chun feabhas a chur ar eispéireas foghlama agus rath na scoláirí i dteangacha, tacú le haistrithe, agus droichid níos láidre a fhorbairt idir an t-oideachas agus an pobal i gcoitinne. Le Gníomh 33 den Phlean Gníomhaíochta seo, féachtar le foghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht a láidriú tríd an bPolasaí seo a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Agus an obair seo ar siúl aici, oibreoidh mo Roinn i ndlúthchomhar le Roinn an Taoisigh, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Má táimid le todhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha sa Ghaeltacht a dhaingniú, ní mór dúinn na dúshláin ollmhóra atá roimh an teanga a aithint, agus a bheith réalaíoch agus uaillmhianach sa chaoi ina dtéimid i ngleic leis na dúshláin sin. Tá an meath ar úsáid na Gaeilge mar theanga phobail léirithe go maith; is léir freisin na dúshláin atá roimh na scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta de réir mar a fhéachann siad le freastal ar leanaí ó theaghlaigh éagsúla, ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh go dtí teaghlaigh ina bhfuil Béarla nó teanga eile mar theanga teaghlaigh.

Creidimse féin agus mo Roinnse gurb é an bealach is fearr le hathbheochan agus cothabháil na Gaeilge a bhaint amach ná trí leas a bhaint as tacaí idir-rannacha atá spriocdhírithe chomh maith le líonraí comhoibríocha le Ranna agus gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le cainteoirí Gaeilge i bpobail Ghaeltachta.

Tá a fhios againn nach féidir le scoileanna agus an córas oideachais todhchaí na Gaeilge a dhaingniú astu féin. Ní féidir ach le cainteoirí agus pobail sa Ghaeltacht, iad tacaithe ag próisis pleanála teanga, é sin a dhéanamh. Aithnímid freisin go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag scoileanna agus suíomhanna oideachais chun an teanga a thabhairt ar aghaidh chuig glúnta atá le teacht, trí thacú leis an bpobal chun an teanga a úsáid agus chun meas a bheith acu ar shaibhreas a n-oidhreachta, agus trí fheasacht a chothú ar na deiseanna foghlama a bhíonn ag foghlaimeoirí dátheangacha agus ilteangacha.

Cuireann an Polasaí seo dúshlán roimh scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht oideachas ardchaighdeáin a sholáthar trí mheán na Gaeilge dá bhfoghlaimeoirí agus cuireann sé de cheangal ar an Rialtas tacú le scoileanna a ghlacann leis an dúshlán seo le raon cuí d'acmhainní breise ar leith. Aithníonn an Polasaí freisin an gá atá le nuálaíocht a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt do bharr feabhais, ardghnóthachtáil, agus cuir chuige agus tionscnaimh rathúla i scoileanna a théann chun tairbhe na scoláirí, i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.

Tá sé léirithe ag an taighde a rinne Cigireacht na Roinne agus saineolaithe acadúla freisin chun bonn a chur leis an bPolasaí seo go bhfuil oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge á sholáthar ag

neart scoileanna Gaeltachta cheana féin ach, i scoileanna eile atá lonnaithe sa Ghaeltacht, níl oideachas trí mheán na Gaeilge ar fáil nó níl sé ar fáil ach go pointe áirithe. Féachann an Polasaí seo leis an méid scoileanna agus is féidir a spreagadh chun oideachas ardchaighdeáin a sholáthar go hiomlán trí Ghaeilge, sa chaoi is go mbeidh an scolaíocht trí mheán na Gaeilge mar chéad rogha do thuismitheoirí sa Ghaeltacht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iliomad daoine aonair agus grúpaí ó phobail Ghaeltachta a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin náisiúnta leathan a thug treoir don Pholasaí seo. D'fhreastail neart agaibh ar chruinnithe poiblí a tionóladh sa Ghaeltacht, ghlac sibh páirt i roinnt cruinnithe le hoifigigh mo Roinne, rinne sibh breis agus 550 aighneacht i scríbhinn agus ar líne, agus roinn sibh uile bhur dtaithí agus bhur mbuairteanna maidir leis an soláthar oideachais sa Ghaeltacht. Tá fíorluach ag baint le bhur rannpháirtíocht agus léiríonn sé cé chomh mór ag pobail Ghaeltachta iad a dteanga agus soláthar oideachais atá ar ardchaighdeán.

Táim féin agus mo Roinn ag tnúth le leanúint den obair i ndlúthchomhar libh de réir mar a oibrímid le chéile chun an fhís agus sprioc uaillmhianach atá leagtha amach againn dúinn féin a bhaint amach chun oideachas sa Ghaeltacht a dhaingniú agus a fheabhsú sna blianta atá romhainn.

**Richard Bruton TD**
*An tAire Oideachais agus Scileanna*
Deireadh Fómhair 2016

# Achoimre Fheidhmeach

## Cén fáth a bhfuil gá le Polasaí don Oideachas Gaeltachta?

Tá tábhacht ollmhór shóisialta, teangeolaíochta, oideachais, chultúrtha agus eacnamaíoch ag baint le beogacht na limistéar Gaeltachta a choinneáil agus a dhaingniú mar cheantair dhúchais na bpobal le Gaeilge. Sa *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo leagtar amach an chaoi ina gcuideoidh an córas oideachais le tacú agus cur chun cinn úsáid na Gaeilge mar theanga dhúchasach bheo sa Ghaeltacht amach anseo.

Is léir go bhfuil dúshláin shuntasacha roimh scoileanna i limistéir Ghaeltachta. Thosaigh obair ar an bPolasaí seo le hathbhreithnithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus roinnt cás-staidéar ar scoileanna Gaeltachta a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Léiríonn an obair seo na dúshláin atá roimh bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht. Tagann scoláirí ó theaghlaigh le leibhéil an-éagsúil de scil sa Ghaeilge. Tá méadú ar úsáid an Bhéarla i bpobail Ghaeltachta agus is mionlach i scoileanna Gaeltachta iad na leanaí a thógtar trí Ghaeilge.

Léirigh an taighde freisin go bhfuil comhthéacs sochtheangeolaíoch scoileanna Gaeltachta casta agus go bhfuil difríochtaí móra ann ag brath ar stádas na teanga laistigh den phobal áitiúil, tosca sóisialta agus déimeagrafacha agus codán na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil. Cé go soláthraíonn tromlach na scoileanna sa Ghaeltacht oideachas trí mheán na Gaeilge, tá líon suntasach nach soláthraíonn oideachas go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Ach leagann an tAcht Oideachais, 1998, béim ar fhreagrachtaí na scoileanna i limistéir Ghaeltachta chun cur le cothabháil na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail.

Is soiléir an gá atá le freagra straitéiseach agus gníomh marthanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin teangeolaíochta atá roimh an nGaeltacht. Ar na cúiseanna seo, chinn an Rialtas go raibh gá le polasaí ar leith, *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, le bearta spriocdhírithe chun feabhas a chur ar an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge. Tá an Polasaí seo forbartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin náisiúnta leathan, ina raibh pobail Ghaeltachta agus neart eagraíochtaí a oibríonn sa Ghaeltacht páirteach.

Cuideoidh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* agus na bearta atá ann le baint amach na huaillmhéine atá luaite i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an Rialtais maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga labhartha a chothabháil agus a leathnú. Forbraíodh an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus an Polasaí seo, *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, i gcomhar leis an nGrúpa Idir-rannach faoi stiúir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus faoi threoir an Choiste Comh-Aireachta ar na hEalaíona, ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht leis an Taoiseach ina chathaoirleach. Bhí tuilleadh comhoibrithe trí Ghrúpa Ardleibhéil ar a raibh oifigigh de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.

Le Gníomh 33 de *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016 -2019* na Roinne, féachtar le foghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht a láidriú tríd an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Oibreoidh an Roinn i ndlúthchomhar le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun na gníomhartha sa Pholasaí seo a chur i bhfeidhm.

## Fís don oideachas Gaeltachta

Aithníonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* uathúlacht na Gaeltachta mar limistéar a bhfuil tábhacht shuntasach teangeolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíoch leis. Is acmhainn í nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge. Athdhearbhaíonn Polasaí na Roinne tiomantas an Rialtais d'athghiniúint agus marthanacht na Gaeltachta mar eintiteas inmharthana le Gaeilge.

Aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta ríthábhachtach.

Tá an Polasaí ceaptha lena chinntiú go mbíonn eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do dhaoine óga sa Ghaeltacht. Tá meas ag an bPolasaí ar an gcáilíocht sa chóras oideachais sa Ghaeltacht agus cothaíonn sé í, agus tá a ghníomhartha bunaithe ar phrionsabail na féinmheastóireachta éifeachtaí, an fheabhsúcháin, an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta.

Féachann an Polasaí le forbairt a dhéanamh ar na buntáistí agus na láidreachtaí teangeolaíochta atá ann sa Ghaeltacht i gcomhar le próisis pleanála teanga áitiúla. Féachann sé le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú trí raon de ghníomhartha agus tacaí spriocdhírithe sa Ghaeltacht.

## Sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Is í sprioc uileghabhálach an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta. Go háirithe, féachann an Polasaí lena chinntiú go mbaineann líon suntasach de scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc do na réimsí foghlama uile (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i ngach ceann de na Limistéir Pleanála Teanga laistigh den Ghaeltacht (mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012)

- Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta
- Tacú le soláthar oideachais cuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus daoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge
- Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin sa chaoi is go bhfuil rochtain ag na scoláirí uile ar theagasc trí mheán na Gaeilge[1]
- An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus i nascachtaí scoileanna le pobail Ghaeltachta trí aitheantas a thabhairt do *Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais* a fhéadfaidh a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus a bheith páirteach sa cheannas ar phobail chleachtais.

Beidh rath ar an bPolasaí má chinntíonn sé go bhfuil rochtain éasca ag na leanaí uile sa Ghaeltacht ar scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc do na hábhair uile, agus a thacaíonn le húsáid na Gaeilge ina bpobail.

---

[1] Faoi láthair, tuairiscíonn 76% de bhunscoileanna agus 68% d'iarbhunscoileanna i limistéir Ghaeltachta go n-oibríonn siad go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá a fhios freisin go n-oibríonn 46% de na suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a fhaigheann maoiniú poiblí trí mheán na Gaeilge.

## Próiseas aitheantais scoileanna Gaeltachta

Faoin bPolasaí, tabharfar cuireadh do scoileanna aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge, (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i gcomhréir leis na critéir theanga-bhunaithe a leagtar amach i dTábla 1 den Pholasaí seo. Mar shampla, déanfaidh na scoileanna Gaeltachta:

- Clár lántumtha dhá bhliain a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán sna bunscoileanna Gaeltachta uile, nach múinfear Béarla ar bith lena linn
- Leathnú a dhéanamh ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge do scoláirí in iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht trí ghluaiseacht i dtreo cur chuige lántumtha ina múinfear na hábhair uile, seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile, trí Ghaeilge
- Aird ar leith a dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge
- Comhdheiseanna a sholáthar dóibh siúd i scoileanna Gaeltachta iargúlta trí chláir ar líne agus foghlama cumaisc
- Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta
- Páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála teanga, mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Tugtar tuilleadh sonraí faoi chritéir d'aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta i dTábla 1 i Roinn 1 den Pholasaí. Beidh scoileanna ábalta an t-aitheantas seo a bhaint amach trí phróiseas céimneach, incriminteach thar thréimhse cúig bliana.

Déanfaidh scoileanna a gheallann go mbeidh siad ina Scoileanna Gaeltachta, trína bpróisis féinmheastóireachta, Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach agus an chaoi ina dtógfaidh sí nascachtaí lena pobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú.

Maidir le scoileanna a gceadaítear a n-iarratais chun páirt a ghlacadh sa phróiseas aitheantais Scoileanna Gaeltachta, deonfar acmhainní teagaisc agus/nó acmhainní eile breise orthu, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) thiomnaithe, ar bhonn céimneach, nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas aitheantais, agus de réir mar a bhaintear amach gach céim de go rathúil.

Ina theannta sin, beidh deis ag scoileanna Gaeltachta aitheanta obair chun a bheith ina *Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais* a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le cláir ghradam reatha agus nua.

Nótálann an Polasaí an tábhacht atá le soláthar luath-óige agus samhlaíonn sé go gcuirfidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta tacaí ar fáil chun feabhas a chur go práinneach ar fháil an oideachais ardchaighdeáin sna luathbhlianta trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

## Gníomhartha chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí

Aithníonn an Polasaí go bhfuil gá le raon speisialta agus sonrach de thacaí chun forbairt a dhéanamh ar chumas na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta Gaeltachta a chinntiú go mbaintear amach an fhís fhoriomlán chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht.

Leagtar amach na tacaí seo faoi na seacht gcolún den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, agus tugtar cur síos ar na sonraí i Roinn 5 den doiciméad seo.

Is iad seo a leanas na seacht gcolún de thacaíocht thiomnaithe sa Pholasaí:

1. Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú
2. Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge
3. Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt
4. Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
5. Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
6. Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
7. Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

## Struchtúir thiomnaithe

Bunófar Aonad Gaeltachta nua tiomnaithe sa Roinn chun maoirsiú agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Pholasaí le hoideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht a chinntiú do dhaoine óga. Gheobhaidh an tAonad Gaeltachta seo cuidiú ó Chigireacht na Roinne a thacóidh le scoileanna, a dhéanfaidh monatóireacht agus tuairisciú ar thionchar an Pholasaí. Ina gcuid oibre tacaíochta le scoileanna, oibreoidh an Chigireacht i ndlúthchomhar le COGG agus leis na seirbhísí tacaíochta scoile agus ceannaireachta a chomhoibreoidh le COGG.

Déanfaidh an Roinn acmhainní breise a leithdháileadh freisin ar COGG chun acmhainní foghlama ardchaighdeáin a fhorbairt agus chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhartha ar leith laistigh den Pholasaí a chuideoidh le tuilleadh forbartha ar an oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge agus teagasc na Gaeilge, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go mbíonn d'acmhainn ag scoileanna freastal ar riachtanais a múinteoirí agus a scoláirí freisin.

Déanfaidh an Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) comhoibriú ar an meastóireacht fhoriomlán ar thionchar an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*.

# 1. Réamhrá

Tá tábhacht teangeolaíochta, eacnamaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta aitheanta ag Rialtais éagsúla i ndiaidh a chéile. Leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* athdhearbhaítear tiomantas an Rialtais d'athghiniúint agus marthanacht na Gaeltachta mar eintiteas inmharthana le Gaeilge. Comhoibríonn an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) le Ranna agus gníomhaireachtaí eile chun an tiomantas seo a chomhlíonadh. Sa *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* tugadh tús áite d'fhoilsiú an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo.

## Fís don oideachas Gaeltachta

Aithníonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* uathúlacht na Gaeltachta mar limistéar a bhfuil tábhacht shuntasach teangeolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíoch leis. Is acmhainn í nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimeoirí na Gaeilge. Athdhearbhaíonn Polasaí na Roinne tiomantas an Rialtais d'athghiniúint agus marthanacht na Gaeltachta mar eintiteas inmharthana le Gaeilge.

Aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta ríthábhachtach.

Tá an Polasaí ceaptha lena chinntiú go mbíonn eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do dhaoine óga sa Ghaeltacht. Tá meas ag an bPolasaí ar an gcáilíocht sa chóras oideachais sa Ghaeltacht agus cothaíonn sé í, agus tá a ghníomhartha bunaithe ar phrionsabail na féinmheastóireachta éifeachtaí, an fheabhsúcháin, an chomhoibrithe agus na comhpháirtíochta.

Féachann an Polasaí le forbairt a dhéanamh ar na buntáistí agus na láidreachtaí teangeolaíochta atá ann sa Ghaeltacht i gcomhar le próisis pleanála teanga áitiúla. Féachann sé le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú trí raon de ghníomhartha agus tacaí spriocdhírithe sa Ghaeltacht.

## Sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Is í sprioc uileghabhálach an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus, ar an mbealach seo, tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta. Go háirithe, féachann an Polasaí lena chinntiú go mbaineann líon suntasach de scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc do na réimsí foghlama uile (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), i ngach ceann de na limistéir pleanála teanga laistigh den Ghaeltacht (mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012). Áireoidh sé seo:

- Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta
- Tacú le soláthar oideachais cuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus daoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge
- Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge amháin sa chaoi is go bhfuil rochtain ag na scoláirí uile ar theagasc trí mheán na Gaeilge[2]

[2] Faoi láthair, tuairiscíonn 76% de bhunscoileanna agus 68% d'iarbhunscoileanna i limistéir Ghaeltachta go n-oibríonn siad go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá a fhios freisin go n-oibríonn 46% de na suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a fhaigheann maoiniú poiblí trí mheán na Gaeilge.

- An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus i nascachtaí scoileanna le pobail Ghaeltachta trí aitheantas a thabhairt do *Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais* a fhéadfaidh a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus a bheith páirteach sa cheannas ar phobail chleachtais.

Beidh rath ar an bPolasaí má chinntíonn sé go bhfuil rochtain éasca ag na leanaí uile sa Ghaeltacht ar scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc do na hábhair uile, agus a thacaíonn le húsáid na Gaeilge ina bpobail.

## Próiseas aitheantais scoileanna Gaeltachta

Faoin *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, tabharfar cuireadh do scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge, (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile), mar atá leagtha amach i dTábla 1. Cuirfear ar chumas scoileanna an t-aitheantas seo a bhaint amach trí phróiseas céimneach, incriminteach thar thréimhse cúig bliana.

Déanfaidh scoileanna a gheallann go mbeidh siad ina Scoileanna Gaeltachta, trína bpróisis féinmheastóireachta, Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach agus an chaoi ina dtógfaidh sí nascachtaí lena pobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú.

Maidir le scoileanna a gceadaítear a n-iarratais chun páirt a ghlacadh sa phróiseas aitheantais Scoileanna Gaeltachta, deonfar acmhainní teagaisc agus/nó acmhainní eile breise orthu, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) thiomnaithe, ar bhonn céimneach, nuair a chuirtear tús leis an bpróiseas aitheantais, agus de réir mar a bhaintear amach gach céim de go rathúil.

Ina theannta sin, beidh deis ag scoileanna Gaeltachta aitheanta obair chun bheith ina *Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais* a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le cláir ghradam reatha agus nua.

### *Tábla 1: Critéir d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta*

| Beifear ag súil go ndéanfaidh scoil Ghaeltachta aitheanta: |
|---|
| • Ag leibhéal na bunscoile, clár lántumtha dhá bhliain trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith naíonán, nach múinfear Béarla ar bith lena linn<br>• Ag leibhéal na bunscoile, cur chuige lántumtha a chur i bhfeidhm, ina múinfear gach réimse foghlama, seachas an Béarla, trí Ghaeilge<br>• Ag leibhéal na hiarbhunscoile, leathnú a dhéanamh ar an bhfáil ar churaclam iomlán trí Ghaeilge, seachas curaclam an Bhéarla agus teangacha eile, de réir mar a ghluaiseann an scoil i dtreo cur chuige lántumtha<br>• Eispéiris oideachais ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do na scoláirí uile agus aird ar leith á dhíriú ar riachtanais teanga idirdhealaithe na gcainteoirí dúchais[3] Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge<br>• Plean Gníomhaíochta a fhorbairt a léireoidh an chaoi ina gcinnteoidh an scoil úsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe laistigh den scoil agus na buntáistí le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim trí Ghaeilge a chur in iúl agus a chur chun cinn le scoláirí, tuismitheoirí agus an pobal scoile |

---

3 Sainmhínítear cainteoir dúchais Gaeilge mar leanbh a thógtar trí Ghaeilge i bpobal Gaeilge agus a labhraíonn a t(h)uismitheoirí Gaeilge mar phríomhtheanga cumarsáide sa bhaile, agus go ndeirtear amhlaidh nuair a chláraítear ar scoil é/í.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge chun feabhsúchán leanúnach a chinntiú tríd an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS)
- Ag leibhéal na bunscoile, eispéiris foghlama Gaeilge a sholáthar a thagann leis na torthaí foghlama T1 i gCuraclam Teanga na Bunscoile do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge
- Ag leibhéal na hiarbhunscoile, sonrúcháin T1 don Ghaeilge a chur i bhfeidhm sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, nuair a bheidh a leithéid ar fáil[4], agus spreagadh do scoláirí, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge, gabháil dóibh
- Ábhair Ghaeilge a úsáid chun tacú le teagasc na réimsí curaclaim uile trí Ghaeilge, seachas Béarla agus teangacha iasachta
- Gníomhaíochtaí curaclaim, comhchuraclaim agus, más ábhartha, gníomhaíochtaí seach-churaclaim a sholáthar trí Ghaeilge
- Tacú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga trí chuidiú le húsáid agus cothabháil na Gaeilge sa scoil agus sa phobal Gaeltachta áitiúil
- Tús áite a thabhairt d'úsáid na Gaeilge sa chumarsáid le tuismitheoirí, leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe eile
- Ag leibhéal na bunscoile, naisc teanga agus chultúrtha atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú leis na naíonraí áitiúla
- Ag leibhéal na hiarbhunscoile, naisc teanga agus oideachais atá úsáideach agus chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le bunscoileanna agus/nó iarbhunscoileanna áitiúla a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge trí úsáid a bhaint as deiseanna foghlama ar líne agus foghlama cumaisc
- Gach iarracht a dhéanamh le foireann teagaisc agus foireann choimhdeach a earcú atá líofa sa Ghaeilge, agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar an gcleachtas oideolaíoch a bhaineann le teagasc trí Ghaeilge chomh maith le tuiscint ar dhinimic teanga agus chultúrtha na Gaeltachta.

Aithníonn an Polasaí go bhfuil gá le raon speisialta agus sonrach de thacaí chun forbairt a dhéanamh ar chumas na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta Gaeltachta a chinntiú go mbaintear amach an fhís fhoriomlán chun oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht.

Bainfear amach fís, gníomhartha colúin agus tacaí an Pholasaí trí phróiseas aitheantais ar scoil Ghaeltachta amach romhainn, ar an mbunús go n-aontaíonn gach scoil glacadh le tacar critéar ar bhonn teanga, mar a léirítear i Tábla 1 sa Pholasaí, a áiríonn a bpobal ag glacadh páirt sa phróiseas pleanála teanga, mar a leagtar amach faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Leagtar amach na tacaí tiomnaithe seo faoi sheacht gcolún an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* mar a liostaítear i dTábla 2. I Roinn 5 den Pholasaí tugtar cur síos ar na gníomhartha breise chun cuidiú le gach ceann de na seacht gcolún tacaíochta.

[4] Tá iarrtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) sonrúcháin ar leith T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Samhlaítear go gcuirfear na sonrúcháin seo i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2017. Táthar ag súil go dtosóidh obair ar shonrúcháin idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt do Ghaeilge na sraithe sinsearaí nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus iad ag obair go maith sna scoileanna.

*Tábla 2: Colúin tacaíochta an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta*

| | |
|---|---|
| Colún Tacaíochta 1 | Feabhas a chur ar struchtúr an tsoláthair oideachais |
| Colún Tacaíochta 2 | Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge |
| Colún Tacaíochta 3 | Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt |
| Colún Tacaíochta 4 | Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge |
| Colún Tacaíochta 5 | Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga |
| Colún Tacaíochta 6 | Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú |
| Colún Tacaíochta 7 | Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo |

## An mbeidh acmhainní ar fáil do scoileanna?

- Deonfar tráinse tosaigh d'acmhainní breise ar feadh tréimhse trí bliana do scoileanna atá ag iarraidh stádas aitheantais Gaeltachta a bhaint amach.
- Le linn na tréimhse sin, gabhfaidh siad do phróisis féinmheastóireachta scoile chun plean feabhsúcháin scoile a fhorbairt agus tosú ar a chur i bhfeidhm chun tacú le soláthar an oideachais ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge
- Maidir le scoileanna atá ábalta dul chun cinn imleor a léiriú ag deireadh tréimhse trí bliana, coinneoidh siad a n-acmhainní breise agus deonfar tráinse nua d'acmhainní dóibh do thréimhse bhreise dhá bhliain.
- Aithneofar scoileanna a chomhlíonann na critéir atá liostaithe i dTábla 1 mar scoileanna Gaeltachta. Coinneoidh siad an t-aitheantas fad a leanann siad de na critéir a chomhlíonadh.
- Beidh deis ag scoileanna freisin obair chun a bheith ina Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le cláir ghradam reatha agus nua.

## Conas a dhéanfar an scéim aitheantais nua seo do scoileanna Gaeltachta a riar agus a mhaoirsiú?

- Bunófar Aonad Gaeltachta tiomnaithe nua sa Roinn chun maoirseacht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an Pholasaí.
- Sannfar foireann thiomnaithe de chigirí chun tacú le cur i bhfeidhm an Pholasaí i scoileanna Gaeltachta. Déanfaidh siad caidreamh leis na scoileanna Gaeltachta maidir leis na spriocanna agus gníomhartha atá curtha san áireamh ag na scoileanna ina bpleananna feabhsúcháin teanga, cuirfidh siad comhairle ar na ceannairí agus ar na múinteoirí sna scoileanna, agus deimhneoidh siad go bhfuil na critéir comhlíonta ag an scoil don stádas mar Scoil Ghaeltachta. Oibreoidh na cigirí i ndlúthchomhar le baill foirne ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus na seirbhísí tacaíochta scoile éagsúla, a oibreoidh le COGG, (lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe (STC), an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS)) d'fhonn cur chuige comhtháite a chinntiú maidir le tacú le feabhsúchán sna scoileanna.
- Tabharfar acmhainní breise do COGG chun cuidiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar do scoileanna chun an Polasaí a chur i bhfeidhm go rathúil.
- Déanfaidh an Chigireacht agus an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) meastóireacht fhoriomlán ar thionchar an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*.

# 2. Cúlra – Cén fáth a bhfuil gá le hAthrú?

## Ní mór dúinn an Ghaeilge a choinneáil agus a athbheochan

Bunchloch thábhachtach do chothabháil agus athbheochan na Gaeilge is ea maireachtáil leanúnach na limistéar ina bhfuil an Ghaeilge i réim mar theanga an teaghlaigh agus mar theanga an phobail. Mar eintiteas le Gaeilge agus mar chroílár na gcainteoirí dúchais Gaeilge, cuireann an Ghaeltacht timpeallacht ar fáil inar féidir leis an teanga fás go nádúrtha i gcomhthéacs nua-aimseartha. Is acmhainn uathúil nach bhféadfaí a fháil ar ais í an Ghaeltacht do chainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge nach de bhunadh na Gaeltachta iad. Ba bhoichte go mór an tírdhreach teangeolaíochta agus cultúrtha in Éirinn mura mbeadh pobail bheo le Gaeilge i limistéir Ghaeltachta.

## Tá an Ghaeilge an-leochaileach mar theanga teaghlaigh agus phobail i limistéir Ghaeltachta

Is í an fhírinne lom ná go bhfuil stádas na Gaeilge mar theanga teaghlaigh agus phobail i limistéir Ghaeltachta an-leochaileach. I limistéir áirithe, ní hí an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus an phobail a thuilleadh. Mura ndéantar gníomh láithreach, is dócha go mbeidh an cás amhlaidh ar fud na limistéar Gaeltachta uile. De réir tuairisce a d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2015 i dtaca le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*, bunaithe ar an scéal mar a bhí, ní mhairfeadh an Ghaeilge mar theanga an phobail in aon limistéar Gaeltachta níos faide ná na deich mbliana atá romhainn.

## Is féidir ról a bheith ag an oideachas

Tá aitheantas forleathan ann gur féidir ról tábhachtach a bheith ag an gcóras oideachais, bíodh go mbeadh sé in éineacht le fearainn eile, chun tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail i limistéir Ghaeltachta. San Acht Oideachais, 1998, leagtar béim ar fhreagrachtaí na scoileanna i limistéir Ghaeltachta chun cur le cothabháil na Gaeilge mar phríomhtheanga phobail. Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* agus sna próisis pleanála teanga atá ar bun faoi Acht na Gaeltachta, 2012 leagtar béim freisin ar ról na scoileanna Gaeltachta i gcothú na hinniúlachta agus na húsáide Gaeilge chun tacú leis an teanga sa phobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán agus ábhartha do riachtanais na scoláirí ríthábhachtach ina leith seo.

## Tá cion tábhachtach le déanamh ag an oideachas sna luathbhlianta trí Ghaeilge

Tá aitheantas forleathan ann ar an gcion tábhachtach is féidir le hoideachas sna luathbhlianta trí Ghaeilge a dhéanamh d'athbheochan na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta, go háirithe maidir le tacú le teaghlaigh atá ag tógáil a leanaí trí Ghaeilge. Sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* tugtar tiomantas do sholáthar suíomhanna oideachais luathbhlianta trí mheán na Gaeilge (naíonraí) i ngach limistéar ina bhfuil bunscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus i limistéir eile ina bhfuil éileamh ar a leithéid.

## Tá bagairt faoi láthair ar stádas na Gaeilge i scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht

Faoi mar atá an scéal sa phobal Gaeltachta i gcoitinne, tá bagairt ar stádas na Gaeilge i scoileanna atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta. Cé go n-admhaítear go mbeadh laghdú suntasach ar úsáid agus inniúlacht na Gaeilge i measc daoine óga in éagmais an mhéid a dhéanann na scoileanna, tá dúshlán roimh scoileanna Gaeltachta

maidir lena gcumas chun úsáid na Gaeilge a choinneáil mar theanga na cumarsáide, an teagaisc agus an tsóisialaithe sa chomhthéacs scoile. Tuairiscíonn 102 de na 134 bunscoil phríomhshrutha (76%)[5] agus 19 de na 28 iarbhunscoil (68%)[6] atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta go múineann siad an curaclam go hiomlán trí Ghaeilge. In earnáil na luathbhlianta, tá 59 de na 127 suíomh sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus faigheann siad tacaíocht ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta[7].

## Dúshláin do scoileanna Gaeltachta

Áirítear ar na dúshláin atá roimh scoileanna Gaeltachta: éagsúlacht teangeolaíochta i measc na scoláirí, meath ar líon na gcainteoirí dúchais, meath ar úsáid agus inniúlacht na Gaeilge i measc na bhfoghlaimeoirí, méid bheag na scoileanna, easpa fála ar mhúinteoirí le hinniúlacht sa Ghaeilge chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge, agus éilimh chontrártha ó na tuismitheoirí. Is féidir teannas a bheith ann do na scoileanna sa réiteach idir a bhfreagrachtaí chun freastal ar riachtanais oideachais agus teanga na scoláirí agus tacú le húsáid na teanga sa phobal. Is léir go bhfuil treoir shoiléir agus chomhleanúnach de dhíth ar scoileanna chomh maith le tacaíocht chuimsitheach má tá siad le tacú le húsáid na Gaeilge ina bpobail Ghaeltachta áitiúla, freastal ar riachtanais oideachais agus teangeolaíochta a scoláirí, agus an iliomad dúshlán a chuireann bac ar a gcumas chun é sin a dhéanamh a shárú.

## Cuireann pobail bhríomhara na Gaeilge le geilleagar na Gaeltachta

Le cothabháil na limistéar Gaeltachta mar phobail bhríomhara Gaeilge agus an mealladh atá aige sin do chainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge, cuirtear go mór le geilleagar na bpobal Gaeltachta. Mar sin féin, bíonn neart dúshlán eacnamaíochta roimh limistéir Ghaeltachta mar is léir ó na leibhéil arda eisimirce agus easpa deiseanna fostaíochta. Bhí tionchar ag na dúshláin seo ar athghiniúint agus inbhuanaitheacht na líonraí sóisialta agus cultúrtha le Gaeilge laistigh de na limistéir Ghaeltachta. Tá sé tábhachtach sa chomhthéacs seo go sásódh na scoileanna Gaeltachta riachtanais na bhfoghlaimeoirí, ní hamháin ina bpobail Ghaeltachta ach sa chomhthéacs náisiúnta i gcoitinne freisin. Maidir leis seo, beidh sé ríthábhachtach oideachas leathan agus cothrom trí Ghaeilge a sholáthar atá forásach agus a fhéachann ar aghaidh.

## Tá an Polasaí seo bunaithe ar thaighde agus comhairliúchán forleathan

Leagann an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo amach fís na Roinne do sholáthar oideachais ardcháilíochta trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus tiomantais na Roinne chun an fhís sin a bhaint amach don tréimhse 2017-2022. Tá an Polasaí bunaithe ar thaighde agus comhairliúchán forleathan le raon de pháirtithe leasmhara oideachais agus Gaeilge, ag an leibhéal náisiúnta agus sna pobail Ghaeltachta freisin[8]. Mar aitheantas ar uathúlacht na Gaeltachta mar eintiteas teangeolaíochta agus cultúrtha, stádas níos leochailí na Gaeilge i limistéir agus scoileanna Gaeltachta, agus an taithí i dtíortha agus réigiúin eile a bhaineann le teangacha neamhfhorleathana, tá raon d'idirghabhálacha agus tacaí dearfacha sa Pholasaí a bhaineann go sonrach le riachtanais na scoileanna agus na bpobal Gaeltachta. Éileoidh na bearta seo soláthar d'acmhainní breise a bheidh imfhálaithe do scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta. Cuireann an fráma ama chun an Polasaí a chur i bhfeidhm san áireamh an gá atá le gníomh láithreach má tá an Ghaeltacht, mar eintiteas le Gaeilge, le maireachtáil.

---

5 Tá na staitisticí bunaithe ar anailís ar thuairisceáin bhunscoile Gaeltachta 2015/2016. Níl an scoil oideachais speisialta atá lonnaithe sa Ghaeltacht san áireamh sa staitistic seo.

6 Tá an staitistic seo bunaithe ar anailís ar thuairisceáin iarbhunscoile 2015/2016.

7 Bunaithe ar staitisticí ó *Comhar Naíonraí na Gaeltachta* (2015).

8 Féadfar an taighde agus cáipéisí comhairliúcháin a thug treoir don fhorbairt ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna ar www.education.gov.ie

# 3. Fís don Oideachas Gaeltachta

## Oideachas den scoth trí mheán na Gaeilge – tiomantas na Roinne Oideachais agus Scileanna

Tá an Roinn tiomanta do sholáthar oideachais ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge i limistéir atá aitheanta mar limistéir Ghaeltachta i gcomhréir leis na próisis pleanála faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Aithníonn an Roinn na róil atá ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) agus Údarás na Gaeltachta faoi seach sa mhaoirseacht agus tacú le cur i bhfeidhm na bpróiseas pleanála teanga ag pobail i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta aonair agus i dtacú le soláthar oideachais luathbhlianta trí Ghaeilge i limistéir Ghaeltachta dá leithéid.

## Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 – tiomantas an Rialtais don Ghaeltacht

Tá an Roinn tiomanta do chur i bhfeidhm na mbeart oideachais i *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* an Rialtais a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga bheo i limistéir Ghaeltachta. Tá na bearta oideachais sin ionchorpraithe sa Pholasaí seo. Admhaíonn an Roinn go bhfuil stádas na Gaeilge i soláthar scoile ríthábhachtach don tacú le húsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta agus sna próisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

## Ní mór aghaidh a thabhairt ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge freisin

Creideann an Roinn go bhfuil foghlaim ardchaighdeáin teanga agus soláthar oideachais ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta riachtanach chun tacú le sealbhú éifeachtach na Gaeilge i measc na scoláirí uile, idir chainteoirí dúchais Gaeilge agus fhoghlaimeoirí Gaeilge, chun tacú le húsáid na Gaeilge i measc scoláirí laistigh den scoil agus sa chomhthéacs pobail, agus chun cur ar chumas na scoláirí uile a n-acmhainneacht a bhaint amach go hoideachasúil. Tá cáilíocht an oideachais trí mheán na Gaeilge a chuirtear ar fáil ríthábhachtach freisin chun muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí a fháil, idir Ghaeilgeoirí agus Bhéarlóirí, chun obair na scoile trí Ghaeilge a chur chun cinn, agus chun tacú le tuismitheoirí na Gaeltachta a roghnaíonn a leanaí a thógáil agus a oiliúint trí Ghaeilge.

Tá an Roinn tiomanta lena chinntiú go gcuirtear tacaíocht idirdhealaithe ar fáil d'fhorbairt agus sóisialú Gaeilge na gcainteoirí dúchais laistigh den chóras scolaíochta i limistéir Ghaeltachta. Áireoidh tacaíocht dá leithéid a chinntiú go sásaíonn an curaclam don Ghaeilge riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus go gcuirtear tacaí scoite do shaibhriú teanga ar fáil dóibh, agus d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.

Aithníonn an Roinn nach leor an méid a dhéanann an córas oideachais foirmiúil ann féin le húsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta a chinntiú agus go bhfuil gníomh freisin de dhíth i bhfearainn eile, agus go háirithe ag leibhéal an phobail, chun obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta a threisiú, sa tacú le húsáid na Gaeilge. Sna próisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugtar aitheantas don chaidreamh le fearainn teaghlaigh, phobail, oideachais, shóisialta, ghnó agus ghnóthaí poiblí sa láidriú ar úsáid teanga.

## Cuidíonn an Polasaí don Oideachas Gaeltachta le próiseas na pleanála teanga

Cuideoidh Polasaí seo na Roinne, *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, le bearta teanga i bpobail Ghaeltachta, tacóidh sé le comhar idir scoileanna Gaeltachta agus a bpobail áitiúla, agus spreagfaidh sé gníomh agus rannpháirtíocht ag leibhéal áitiúil. Go háirithe, cuideoidh sé leis na próisis pleanála teanga atá á gcur i bhfeidhm ag pobail Ghaeltachta.

# 4. Sainmhíniú ar an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

## An staid faoi láthair

Tugtar sainmhíniú ar scoil Ghaeltachta faoi láthair bunaithe ar shuíomh geografach i limistéar Gaeltachta aitheanta i gcomhréir le teorainneacha na Gaeltachta, a sainmhíníodh ar dtús faoin Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 agus a leasaíodh don uair dheireanach i 1982. Tá an-éagsúlacht sa chleachtas maidir le húsáid na Gaeilge mar theanga na cumarsáide agus an teagaisc sna scoileanna atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta mar a shainítear faoi láthair iad, go háirithe i bhfianaise na n-éagsúlachtaí suntasacha sna patrúin in úsáid na Gaeilge i bpobail ar fud na limistéar sin.

## Critéir aitheantais do scoil Ghaeltachta - sainmhíniú agus samhail nua

Le hAcht na Gaeltachta 2012, ina bhfuil foráil don athshainmhíniú ar limistéir Ghaeltachta bunaithe ar chritéir teanga in áit na geografaíochta, cruthaítear timpeallacht a chuidíonn le sainmhíniú níos fónta ar cad is scoil Ghaeltachta ann agus le próiseas dinimiciúil a thabhairt isteach d'aitheantas ar scoileanna dá leithéid.

As seo amach, beidh scoil atá lonnaithe sa Ghaeltacht incháilithe ar aitheantas a lorg mar Scoil Ghaeltachta bunaithe ar chritéir teanga ar leith, a leagtar amach i dTábla 1 i Roinn 1 den Pholasaí seo, a chur i bhfeidhm, agus ar an gcoinníoll go bhfuil sí ag glacadh páirt sna próisis pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012.

Déanfaidh an tsamhail oideachais lántumtha trí Ghaeilge atá le soláthar i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna aitheanta Gaeltachta soiléiriú ar ionchais i dtaca le cleachtas teanga agus oideachais thar scoileanna dá leithéid. Déanann an tsamhail freastal ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí Gaeilge freisin agus tá sé de bhuntáiste aici go gcuirtear ar chumas na leanaí uile i bpobal áitiúil rochtain a fháil ar oideachas ina scoil áitiúil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus go ndéantar freastal ar shainriachtanais na gcainteoirí dúchais óga Gaeilge. Léirítear inti freisin torthaí an taighde chomh maith leis an dea-chleachtas i scoileanna Gaeltachta. Fuair samhail an oideachais lántumtha trí Ghaeilge lántacaíocht le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara maidir le hoideachas Gaeltachta.

## Próiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Cuideoidh an próiseas chun aitheantas a bhronnadh ar scoileanna Gaeltachta le cur i bhfeidhm na bpróiseas pleanála teanga i bpobail áitiúla atá ar bun faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Beidh tús curtha leis na próisis pleanála teanga sin sna 26 Limistéar Pleanála Teanga uile faoi dheireadh na bliana 2016[9].

Eiseofar Imlitir chuig scoileanna aonair, sa chéad leath de 2017, ag tabhairt cuireadh dóibh iarratas a chur faoi bhráid na Roinne ar aitheantas mar Scoil Ghaeltachta a fháil i gcomhréir leis na critéir teanga atá leagtha amach ag an Roinn i dTábla 1.

I ndiaidh tréimhse comhairliúcháin lena bpobail áitiúla féin, agus i gcomhar leis an bpróiseas pleanála teanga i limistéir Ghaeltachta faoi stiúir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG), freagróidh na scoileanna uile atá lonnaithe sa Ghaeltacht ar an gcuireadh.

---

[9] Tá liosta de na 26 Limistéar Pleanála Teanga sa Ghaeltacht ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás na Gaeltachta ar http://www.udaras.ie/limisteir-pleanala-teanga-ghaeltachta

Bunaithe ar shamhail fhorásach chéimneach, tabharfar tréimhse cúig bliana ó Mheán Fómhair 2017 do scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht, le haitheantas iomlán a fháil mar Scoileanna Gaeltachta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Cuideoidh an cur chuige céimnithe seo leis an bpróiseas pleanála teanga i limistéir Ghaeltachta faoi stiúir REOGRTG, agus feidhmeoidh sé taobh leis.

Ar bhonn incriminteach céimneach, cuirfear acmhainní agus tacaí breise ar fáil do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna a roghnaíonn aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i dTábla 1, agus faoi réir ag measúnú ar phlean gníomhaíochta gach scoil Ghaeltachta agus athbhreithniú ar cé chomh héifeachtach agus a úsáideann scoileanna acmhainní chun feabhas a chur ar an oideachas trí mheán na Gaeilge.

Deonfar tráinse tosaigh d'acmhainní breise ar feadh tréimhse trí bliana do scoileanna atá ag iarraidh stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach. Le linn na tréimhse sin, gabhfaidh siad do phróisis féinmheastóireachta scoile chun plean feabhsúcháin scoile a fhorbairt agus tosú ar a chur i bhfeidhm chun tacú le soláthar an oideachais ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge.

Maidir le scoileanna atá ábalta dul chun cinn imleor a léiriú ag deireadh tréimhse trí bliana, coinneoidh siad a n-acmhainní breise agus deonfar tráinse nua d'acmhainní dóibh do thréimhse bhreise dhá bhliain. Bronnfar stádas mar Scoil Ghaeltachta ag deireadh na tréimhse cúig bliana ar scoileanna a chomhlíonann na critéir uile.

Próiseas dinimiciúil is ea an próiseas aitheantais nua do Scoileanna Gaeltachta a thacóidh le rannpháirtíocht ghníomhach ag baill de phobail scoile i gcomhar lena bpobal áitiúil san athmhachnamh, cinnteoireacht agus feabhsú ar stádas na Gaeilge in obair na scoile agus i gcáilíocht an tsoláthair oideachais trí Ghaeilge a chuireann an scoil ar fáil.

## Scoileanna ag aistriú

Maidir le scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, nó scoileanna a chleachtann cur chuige páirt-tumtha nó dátheangach, atá suite i limistéir pleanála teanga, cuideofar leo gluaiseacht, ar bhonn céimnithe, go dtí cur chuige lántumtha trí Ghaeilge d'fhonn aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Beidh an t-aistriú seo laistigh de fhráma ama atá le comhaontú leis an Roinn i gcomhréir le treoirlínte ón Roinn agus fáil ar acmhainní. Ón uair a chuirfear tús leis, de ghnáth tógfaidh aistriú dá leithéid ceithre nó cúig bliana i gcás bunscoileanna. I gcás iarbhunscoileanna, bheadh roghanna i dtréimhse an chéimnithe tosaigh amhail aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a bhunú mar bheart eatramhach chun oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar ar an tuiscint go bhfuil sé de chumas aige a bheith bunaithe mar scoil neamhspleách sa mheántéarma go fadtéarma. Beidh scoileanna sa Ghaeltacht atá ag aistriú incháilithe ar chistí breise agus rochtain ar thacaí tiomnaithe don oideachas trí mheán na Gaeilge ar an mbonn go n-ullmhaíonn agus go gcuireann an scoil i bhfeidhm plean gníomhaíochta a léiríonn na bearta atá á ndéanamh aici chun oideachas trí mheán na Gaeilge a láidriú agus chun cuidiú le haistriú go dtí cur chuige lántumtha laistigh den fhráma ama atá comhaontaithe leis an Roinn.

## Neamh-rannpháirtíocht sa phróiseas aitheantais

Toisc gur próiseas dinimiciúil é an próiseas aitheantais do scoileanna, agus go mbraitheann gníomhú scoileanna i dtaca le haitheantas mar Scoileanna Gaeltachta a lorg ar chinntí ag an leibhéal áitiúil, b'fhéidir go dtarlóidh sé go roghnóidh scoil aonair, i ndiaidh comhairliúcháin lena pobal, gan páirt a ghlacadh sa phróiseas d'aitheantas mar Scoil Ghaeltachta. B'fhéidir go dtarlóidh sé seo más rud é nach í an Ghaeilge príomh-mheán an teagaisc sa scoil a thuilleadh, agus más é an Béarla teanga an phobail den chuid is mó agus, maidir leis an bpobal ar mian leo leas a bhaint as an oideachas trí mheán na Gaeilge, go bhfuil rogha rochtana acu laistigh den limistéar pleanála teanga. Ní mór don bhord bainistíochta cinneadh dá leithéid a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Má chinneann bord bainistíochta scoile, i ndiaidh comhairliúcháin lena bpobal scoile (tuismitheoirí, múinteoirí, pátrún) agus coiste áitiúil pleanála teanga, nach mian leo aitheantas mar scoil Ghaeltachta a ghabháil orthu féin, cé go bhfuil na scoileanna seo lonnaithe go fisiciúil sa Ghaeltacht, aithneofar iad mar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

### Fócas Pholasaí na Roinne

Tá soláthar comhthreomhar den oideachas trí mheán na Gaeilge agus oideachas trí mheán an Bhéarla ar fáil cheana féin i roinnt limistéar Gaeltachta, go háirithe iad siúd atá lonnaithe díreach in aice le limistéir nach bhfuil ainmnithe mar limistéir atá taobh istigh de theorainneacha na Gaeltachta. Níl sé beartaithe le linn saolré an Pholasaí seo soláthar comhthreomhar a leathnú go limistéir Ghaeltachta nach bhfuil a leithéid ar fáil iontu faoi láthair. Beidh fócas Pholasaí na Roinne ar láidriú an oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna atá ann cheana ar bhealach a dhéanfaidh soláthar do riachtanais éagsúla agus shainiúla na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge araon. Déanfar athbhreithniú ar rogha an tsoláthair chomhthreomhair nuair atá an Polasaí curtha i bhfeidhm.

### Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais

Beidh deis ag scoileanna Gaeltachta aitheanta freisin obair chun bheith ina Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le cláir ghradam reatha agus nua. Beidh na scoileanna seo fíor-nuálaíoch sna bealaí ina gcuireann siad oideachas ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge ar fáil agus sna bealaí ina nascfaidh siad lena bpobail áitiúla. Is príomhchuspóir a bheidh ann le scoileanna dá leithéid a aithint ná cleachtais nuálaíocha a aithint agus féachaint lena ndáileadh ar scoileanna eile. Beidh deiseanna ag na scoileanna Gaeltachta seo a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus féadfaidh siad a bheith páirteach sa cheannas ar phobail chleachtais.

## 5. Samhail na Tacaíochta

Beidh tacaíocht shuntasach de dhíth ar scoileanna Gaeltachta má tá siad le haghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán atá rompu agus má tá siad le hoideachas trí mheán na Gaeilge den chaighdeán is airde a sholáthar dá scoláirí i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i dTábla 1.

### Samhail tacaíochta chomhtháite do scoileanna Gaeltachta aitheanta

Beidh samhail tacaíochta chomhtháite, a áiríonn idirghabhálacha dearfacha agus tacaí ag leibhéal na scoile, an phobail agus an chórais, ar fáil do scoileanna atá aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta. Éileoidh tacaí tiomnaithe dá leithéid infheistíocht shuntasach agus déanfar iad a imfhálú do sholáthar sa chomhthéacs oideachais Ghaeltachta i bhfianaise na tábhachta uathúla teangeolaíochta agus cultúrtha a bhaineann le limistéir Ghaeltachta mar phobail le Gaeilge agus i bhfianaise na ndúshlán nach bhfacthas riamh roimhe atá roimh stádas na Gaeilge mar theanga an phobail i limistéir Ghaeltachta. Is ag na scoileanna sin amháin atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta nó ag na scoileanna lonnaithe i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta, atá ag tiomnú go soiléir don aistriú chuig aitheantas mar scoil Ghaeltachta a dhéanann cur chuige oideachais lántumtha trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm, a bheidh rochtain ar na tacaí atá ar fáil sa tsamhail tacaíochta chomhtháite.

Áireoidh na tacaí a bheidh ar fáil do scoileanna aonair atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta, nó atá ag glacadh páirt sa Phróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta:

- Rochtain ar fhoireann teagaisc bhreise ar mhaithe le tacaíocht teanga, lena n-áirítear tacaíocht idirdhealaithe chun cuidiú le saibhriú teanga na gcainteoirí dúchais

- An deis chun tairbhe a bhaint as acmhainní teagaisc breise trí chéimithe nuacháilithe ó chláir oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) trí mheán na Gaeilge a chur ar socrúchán, ar bhonn *ex quota*, ar feadh bliana amháin, i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna Gaeltachta
- Maoiniú breise do scoileanna chun tacú leis an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* agus an próiseas aitheantais scoileanna Gaeltachta a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal scoile i gcomhréir le critéir ar leith, mar atá leagtha amach i dTábla 1. Cuirfidh sé seo san áireamh méid na scoile, leithdháileadh foirne reatha, próifíl agus riachtanais teanga na scoile, comhthéacs socheacnamaíochta, codán na foirne a bhfuil cáilíochtaí bainte amach acu a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, agus leibhéil an dul chun cinn agus an tiomantais don Ghaeilge
- Rochtain ar dheiseanna forbartha gairmiúla tiomnaithe, á maoirsiú ag COGG, do mhúinteoirí agus príomhoidí chun cumas a fhorbairt agus chun tacú le cur i bhfeidhm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*.

Cuirfear próiseas achomhairc neamhspleách ar bun trína mbeidh scoileanna ábalta achomharc a dhéanamh i dtaca leis an gcaoi ina ndéantar acmhainní breise a leithdháileadh agus a úsáid.

## Na Seacht gColún Tacaíochta

Léiriú is ea na seacht gcolún sa tsamhail tacaíochta chomhtháite a luaitear i dTábla 2 ar na príomh-thiománaithe a ainmníodh le linn athbhreithniú na Roinne ar an oideachas Gaeltachta agus i gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara atá riachtanach chun oideachas ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a sholáthar i scoileanna Gaeltachta. Maidir le gach ceann de na colúin, cuireann siad lena chéile, oibríonn siad i dteannta lena chéile agus i gcomhthráth lena chéile.

### 5.1 COLÚN TACAÍOCHTA 1: Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú

## An comhthéacs oideachais sa Ghaeltacht faoi láthair

Faoi láthair, cuirtear an soláthar oideachais uile ag leibhéal na bunscoile agus formhór an tsoláthair ag leibhéal na hiarbhunscoile i limistéir Ghaeltachta ar fáil i scoileanna neamhspleácha. I roinnt cásanna, cuirtear an soláthar don oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile ar fáil in aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, iad ceangailte go díreach le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla nó ceangailte ó chian le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

## An soláthar oideachais i mbunscoileanna Gaeltachta a láidriú

Cruthaíonn an leagan amach atá ar an soláthar oideachais sa Ghaeltacht faoi láthair dúshláin ar leith ag an dá leibhéal. Mar thoradh ar an gcodán mór de scoileanna beaga Gaeltachta, go háirithe ag leibhéal na bunscoile, bíonn deacrachtaí bainistíochta agus riaracháin ag leibhéal na scoile a áiríonn boird bhainistíochta a bhunú leis an réimse cuí scileanna.

Tá gá le fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht leis an iliomad bunscoileanna beaga sa Ghaeltacht a athchumrú d'fhonn giaráil a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil agus a gcumas a láidriú chun oideachas a sholáthar trí mheán na Gaeilge agus chun tacú le húsáideoirí Gaeilge. Rogha amháin a bheidh ann is ea machnamh ar an gcaoi inar féidir coincheap an chomhrialachais[10], a bunaíodh ar bhonn píolótach agus atá leagtha amach sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019* (Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015), a fhorbairt chun struchtúir scoite riaracháin, bainistíochta agus pleanála a áireamh a bhaineann go sainiúil le riachtanais na scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta. Áireoidh machnamh dá leithéid comhairliúchán le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear pátrúin scoile agus, más indéanta, leathnú ar an scéim phíolótach.

---

[10] I gcoincheap an chomhrialachais a rinneadh ar bhonn píolótach bhí an grúpa céanna de chomhaltaí boird ar bhoird bhainistíochta dhá scoil faoin bpátrúnacht chéanna.

## An soláthar in iarbhunscoileanna Gaeltachta a láidriú

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, tá rochtain ag scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna beaga Gaeltachta ar raon teoranta de roghanna ábhar, go háirithe don Ardteistiméireacht. Tá srianta áirithe le hionaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, go háirithe má tá siad ceangailte go díreach le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Áirítear ar na srianta seo: dúshláin le hionannas teanga soiléir a bhaint amach, srianta ar úsáid na Gaeilge ag scoláirí, rogha laghdaithe d'ábhair, easpa rochtana ar ábhair trí Ghaeilge, agus dúshláin le rollú a choinneáil.

Is i bhfearann na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) atá an cumas le feabhas a chur ar rochtain ar sholáthar níos leithne curaclaim trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile. Dá mbunófaí mol nó ríomh-scoileanna le seomraí ranga fíorúla i scoileanna atá ann cheana nasctha le roinnt scoileanna beaga a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nó aonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta, chuideofaí le leathnú ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí, go háirithe iad siúd sa tsraith shinsearach, sna scoileanna sin.

I measc na roghanna eile atá ann chun cumas na n-aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a láidriú tá: lonnú an aonaid, más indéanta, i bhfoirgneamh scartha ón máthairscoil; an t-aonad a nascadh le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge; an Ghaeilge a chur ar fáil trí thimthriall iomlán na hiarbhunscoile; agus an t-aonad a nascadh le molscoil do leathnú an tsoláthair ábhar sa tsraith shinsearach. Beidh cur i bhfeidhm roghanna den chineál sin ag brath ar chomhthéacs sochtheangeolaíoch an aonaid, cé acu atá sé ceangailte go díreach le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla nó ceangailte ó chian le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nó a bhfuil soláthar neamhspleách trí mheán na Gaeilge ar fáil cheana sa limistéar. Déanfaidh an Roinn an fhéidearthacht a bhaineann le roghanna dá leithéid a mheas i ngach ceann de na trí aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá ag feidhmiú faoi láthair i limistéir Ghaeltachta.

Ní dhéanfar soláthar aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, de bhreis ar na cinn sin atá ar fáil cheana i limistéir Ghaeltachta, a mheas ach amháin sa chás go bhfuil fianaise shoiléir ann i dtéarmaí rollaithe tuartha agus a gcumas d'fhorbairt mar scoileanna neamhspleácha a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Mar sin, ní bhunófar aonaid nua dá leithéid ach ar bhonn eatramhach amháin.

Déanfaidh an Polasaí na gníomhartha seo mar thaca le Colún Tacaíochta 1 chun struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú.

***Tábla 3: Colún Tacaíochta 1: An sprioc chun struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú***

| COLÚN TACAÍOCHTA 1: Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc** | **Cuspóir** | **Gníomhartha** | **Eagraíocht i gceannas** |
| Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | A chinntiú go mbíonn fáil ar oideachas ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ag leibhéil na luathbhlianta, na bunscoile agus na hiarbhunscoile i ngach ceann de na limistéir pleanála teanga Ghaeltachta agus ar an mbealach seo tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga teaghlaigh agus phobail Ghaeltachta | A chinntiú go mbíonn oideachas ardchaighdeáin agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do scoláirí i ngach ceann de na limistéir pleanála teanga Ghaeltachta trí bhunscoileanna aitheanta Gaeltachta agus trí iarbhunscoileanna aitheanta Gaeltachta (nó trí shamhail ríomhscoile) faoi 2022. Áireoidh sé seo:<br>• Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta, sa chaoi is go gcinntítear gurb é an teagasc trí mheán na Gaeilge an chéad rogha ag na tuismitheoirí i ngach ceann de na limistéir Ghaeltachta | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta); RLGÓ; REOGRTG; Údarás na Gaeltachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | | • Tacú le soláthar oideachais cuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus daoine óga atá á dtógáil trí Ghaeilge<br>• Méadú ar chodán na scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta a oibríonn trí mheán na Gaeilge amháin sa chaoi is go bhfuil rochtain ag na scoláirí uile ar theagasc trí mheán na Gaeilge[11]<br>• An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus i nascachtaí scoileanna le pobail Ghaeltachta trí aitheantas a thabhairt do Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fhéadfaidh a gcleachtais a chomhroinnt le scoileanna eile agus a bheith páirteach sa cheannas ar phobail chleachtais | |
| Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | Maoiniú breise a sholáthar do scoileanna Gaeltachta chun tacú le rolladh amach agus cur i bhfeidhm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* tríd an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag leibhéal na scoile i gcomhréir le critéir ar leith (e.g. teanga an teagaisc, méid na scoile, codán na foirne a bhfuil OTM nó cáilíochtaí iarchéime faighte acu san oideachas trí mheán na Gaeilge) | Tacú leis an bpróiseas aitheantais do scoileanna Gaeltachta agus leithdháileadh céimnithe ar mhaoiniú tiomnaithe chun an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* a rolladh amach agus a chur i bhfeidhm tríd an bPróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ag leibhéal na scoile i gcomhréir leis na critéir ar leith | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta) |
| Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | Fiosrú ar an bhféidearthacht leis an iliomad scoileanna beaga sa Ghaeltacht a athchumrú | Machnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht d'fhorbairt ar choincheap an chomhrialachais a bunaíodh ar bhonn píolótach agus a leagadh amach sa *Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna* (ROS 2015). | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta; Aonad Breithmheas Caipitil Scoileanna; Rannóg Pleanála Chun Cinn; Rannóg um Leithdháileadh Múinteoirí agus Rialachas Scoile); Pátrúin scoile |

[11] Faoi láthair, tuairiscíonn 76% de bhunscoileanna agus 68% d'iarbhunscoileanna i limistéir Ghaeltachta go n-oibríonn siad go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Tá a fhios freisin go n-oibríonn 46% de na suíomhanna luathbhlianta sa Ghaeltacht a fhaigheann maoiniú poiblí trí mheán na Gaeilge.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Struchtúr an tsoláthair oideachais a láidriú | Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le molscoil nó ríomhscoil a bhunú le seomraí ranga fíorúla mar rogha chun leathnú a dhéanamh ar raon na roghanna curaclaim atá ar fáil do scoláirí in iarbhunscoileanna beaga | Iarbhunscoil moil phíolótach a bhunú i scoil mhór Ghaeltachta atá nasctha le roinnt iarbhunscoileanna níos lú agus aonad amháin ar a laghad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a chur san áireamh | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta; Rannóga um Breithmheas Caipitil Scoileanna & Pleanáil Chun Cinn; Rannóg Oideachais Múinteoirí (ROM); SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |
| | An soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú sna 3 aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá ceangailte le hiarbhunscoileanna sa Ghaeltacht, más indéanta:<br>• an t-aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a lonnú i bhfoirgneamh scartha ón máthairscoil<br>• an t-aonad a nascadh le máthairscoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge<br>• fiosrú ar fhéidearthacht an tseomra ranga fíorúil chun soláthar ábhar a leathnú sa tsraith shinsearach<br>• an soláthar trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil trí thimthriall iomlán na hiarbhunscoile san aonad a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge | Athbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht leis na bearta sin a chur i bhfeidhm i ngach ceann de na haonaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge (3 san iomlán) atá ar fáil faoi láthair ag leibhéal na hiarbhunscoile agus a chur i bhfeidhm mar is cuí | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta; Rannóga um Breithmheas Caipitil Scoileanna & Pleanáil Chun Cinn; Rannóg Oideachais Múinteoirí (ROM); SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |

## 5.2 COLÚN TACAÍOCHTA 2: Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge

### Inniúlacht na Gaeilge, eolas oideolaíoch agus scileanna tumtha teanga

Tá cáilíocht an teagaisc ríthábhachtach chun eispéiris foghlama ardchaighdeáin trí Ghaeilge a sholáthar do scoláirí i limistéir Ghaeltachta, ar dhá chúis. Ar dtús, tá sé riachtanach go mbeadh leibhéil arda inniúlachta sa Ghaeilge ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta, go háirithe chun ionchur teanga saibhrithe a sholáthar do na daltaí uile, lena n-áirítear cainteoirí dúchais na Gaeilge, chomh maith leis an gcuraclam a sholáthar go héifeachtach trí Ghaeilge. Ar an dara dul síos, tá sé tábhachtach go mbeadh an t-eolas agus na scileanna oideolaíocha riachtanacha ag múinteoirí chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge sa chomhthéacs oideachais Gaeltachta. Áirítear ar an eolas oideolaíoch sin: tuiscint ar dhinimic teanga i limistéir Ghaeltachta; ar an tumoideachas agus ar chuir chuige idirdhealaithe teagaisc agus foghlama d'fhonn soláthar a dhéanamh do riachtanais na scoláirí thar raon iomlán na n-inniúlachtaí foghlama agus teanga i suíomhanna ilghrád, ilranga agus ilteangacha, lena n-áirítear na riachtanais ar leith atá ag cainteoirí dúchais Gaeilge.

## Dúshláin earcaíochta

Tá roinnt dúshlán roimh scoileanna Gaeltachta maidir le cáilíocht an teagaisc a chinntiú. Tuairiscíonn scoileanna go mbíonn an-deacracht acu múinteoirí a earcú a bhfuil dóthain inniúlachta acu sa Ghaeilge le teagasc tríd an teanga. Méadaítear ar an deacracht seo ag leibhéal na hiarbhunscoile mar thoradh ar líon beag na múinteoirí atá ar fáil chun réimsí ábhair éagsúla a theagasc trí Ghaeilge. Léiríonn an fhianaise ón athbhreithniú ar sholáthar oideachais na Gaeltachta a rinne an Chigireacht i roinnt scoileanna Gaeltachta go bhfuil soláthar éifeachtach ar an gcuraclam trí Ghaeilge i seomraí ranga scoileanna Gaeltachta ach nach bhfuil cleachtas den chineál sin ann go forleathan, go háirithe ag leibhéal na hiarbhunscoile. Léiríonn an fhianaise ar chleachtas i scoileanna Gaeltachta freisin nach ionann inniúlacht an mhúinteora sa Ghaeilge féin agus teagasc agus foghlaim éifeachtach, agus go bhfuil inniúlacht oideolaíoch chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge ina riachtanas bunúsach freisin.

Tuairiscíonn bunscoileanna Gaeltachta go mbíonn deacrachtaí acu le múinteoirí le hinniúlacht imleor sa teanga a earcú ó na painéil ath-imlonnaithe do mhúinteoirí. Ón mbliain 2013, tá feabhsuithe déanta ag an Roinn ar fheidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí den chineál sin. Iarrtar anois ar mhúinteoirí ar phainéil ath-imlonnaithe a rá an bhfuil suim acu a bheith ath-imlonnaithe chun teagasc i scoil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Cuidíonn sé seo le feidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Cé gur chuir na comhpháirtithe oideachais ábhartha fáilte roimh an gcur chuige seo, tá iarrtha ag páirtithe leasmhara oideachais Ghaeltachta go mbunófaí painéal ath-imlonnaithe ar leith do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge d'fhonn a chinntiú go bhfostaítear múinteoirí atá toilteanach agus inniúil ar theagasc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta.

Ní bheadh sé indéanta, áfach, painéal ath-imlonnaithe tiomnaithe den chineál sin a chur i bhfeidhm i bhfianaise líon beag na scoileanna Gaeltachta agus raon geografach a lonnaithe. Mar sin féin, is gá monatóireacht a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar éifeachtacht na socruithe ath-imlonnaithe, go háirithe a dtionchar ar scoileanna Gaeltachta.

Bealach eile le cinntiú go mbíonn soláthar múinteoirí ann do scoileanna Gaeltachta is ea socrúchán bliana ráthaithe i scoil Ghaeltachta a thabhairt do chéimithe ó chúrsaí oiliúna tosaigh múinteoirí (OTM) trí mheán na Gaeilge ag leibhéil na bunscoile agus na hiarbhunscoile, ar bhaint amach na céime dóibh. Pléitear tuilleadh sonraí faoi seo sna hailt seo a leanas.

## Deiseanna don oiliúint múinteoirí

D'fhonn feabhas a chur ar sholáthar na múinteoirí atá ar fáil chun teagasc trí Ghaeilge agus ar cháilíocht an teagaisc sin, láidreofar an soláthar don oideachas trí mheán na Gaeilge i rith na gcéimeanna uile de chontanam oiliúna múinteoirí - oiliúint tosaigh múinteoirí (OTM), ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) - ag féachaint go cuí ar fhorbairtí struchtúrtha agus polasaí sa réimse seo, lena n-áirítear *Droichead,*[12] *Cosán*[13] agus torthaí athbhreithniú na Comhairle Múinteoireachta ar sholáthar agus éileamh ar mhúinteoirí.

Mar sin féin, tá gá le soláthar tiomnaithe OTM agus FGL do mhúinteoirí ionchasacha agus múinteoirí atá ag cleachtadh i scoileanna Gaeltachta, sa chomhthéacs príomhshrutha agus i gcomhthéacs na riachtanas speisialta oideachais (RSO) freisin, a thacóidh leo foghlaim na scoláirí trí Ghaeilge a éascú sa chomhthéacs casta a bhaineann le soláthar oideachais i scoileanna Gaeltachta. Go háirithe, is gá tacú le múinteoirí ionchasacha agus múinteoirí atá ag cleachtadh chun freastal ar fhoghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla teanga, chun soláthar a idirdhealú do chainteoirí dúchais, chun freastal ar leanaí a bhfuil RSO acu agus chun bainistiú a dhéanamh ar shuíomhanna ilghrád, ilranga agus ilteangacha. Ba chóir go mbeadh deiseanna foghlama gairmiúla cuí ardchaighdeáin ar bun do mhúinteoirí sna céimeanna uile ar chontanam na hoiliúna múinteoirí atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcumas chun teagasc trí mheán na Gaeilge. Ba chóir go mbeadh na deiseanna seo á dtacú ag na struchtúir, acmhainní agus próisis chuí ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

[12] Is é *Droichead* (2015) an tsamhail ionduchtaithe fheabhsaithe do mhúinteoirí nuacháilithe atá forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

[13] Is é *Cosán* (2015) an dréacht-chreat d'fhoghlaim múinteoirí atá forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

## Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) chun tacú le hinniúlacht oideolaíoch ag leibhéal na bunscoile

Ag leibhéal na bunscoile, déanann soláthraithe OTM soláthar faoi láthair don oideachas trí mheán na Gaeilge ar bhonn roghnach dá scoláirí. Cé go bhfuil difríochtaí i gcleachtas na soláthraithe i dtéarmaí na ndeiseanna a chuirtear ar fáil, áirítear ar na roghanna atá ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint i dtaca le hionchuir ar an oideachas trí mheán na Gaeilge:

- Modúil a thugann deis do mhic léinn staidéar a dhéanamh ar oideolaíocht roinnt de na réimsí curaclaim trí Ghaeilge
- Modúil ar oideachas agus oideolaíocht trí mheán na Gaeilge agus
- Socrúcháin i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta.

Thacaigh na hiarrachtaí seo leis an earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge go pointe áirithe ach is léir nach leor iad lena chinntiú go bhfuil soláthar de mhúinteoirí ann a bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha Gaeilge agus oideolaíochta acu agus iad ar fáil le hearcú i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne ag leibhéal na bunscoile. Is gá cúrsa comhthráthach ceithre bliana OTM a bhunú do Bhaitsiléir san Oideachas trí Ghaeilge a mbeidh cáilíocht mar bhunmhúinteoir mar thoradh air, a ionchorprófar san fhorbairt ar shamhail soláthar múinteoirí don chóras oideachais i gcoitinne agus na cláir don OTM a athchoincheapadh le déanaí. Chuirfí cúrsa dá leithéid ar fáil de bhreis ar an soláthar OTM atá ann cheana agus is ceann de na soláthraithe reatha OTM a bhunódh é, faoi réir ag próiseas iomaíoch. Tá suim léirithe ag roinnt soláthraithe i gcúrsa OTM dá leithéid a bhunú.

Déanfar an fhéidearthacht do chláir trí mheán na Gaeilge a sholáthar i soláthraithe eile OTM ag leibhéal na bunscoile a mheas i bhfianaise na taithí ar an gclár tosaigh trí mheán na Gaeilge agus a thionchar ar fhreastal ar riachtanais maidir le soláthar múinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta agus riachtanais na hearnála a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

## Socrúcháin scoile i gcomhthéacsanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

I bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag scoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú, tá machnamh déanta ar an gcaoi ina mbeidh an deis ag céimithe ón gclár nua OTM trí mheán na Gaeilge, ar bhaint amach na céime dóibh, leas a bhaint as socrúchán ráthaithe bliana i scoil Ghaeltachta ar bhonn *ex-quota*. Chuideodh socrúchán den chineál sin le cur i gcrích ionduchtú an mhúinteora nuacháilithe i socrúchán scoile Gaeltachta, rud a chuideodh leis an bhforbairt ar eolas oideolaíoch agus tuiscint an mhúinteora nuacháilithe ar phróisis oideachais trí mheán na Gaeilge agus a chuideodh freisin le hinniúlacht Ghaeilge an mhúinteora féin a shaibhriú. Ina theannta sin, chuirfeadh sé acmhainn luachmhar teanga agus teagaisc ar fáil don scoil socrúcháin, a chuirfeadh feabhas ar cháilíocht an tsoláthair oideachais trí mheán na Gaeilge.

## Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) chun tacú le hinniúlacht oideolaíoch ag leibhéal na hiarbhunscoile

Ag leibhéal na hiarbhunscoile, faoi láthair déanann soláthraí OTM amháin soláthar chun múinteoirí a ullmhú le teagasc i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus go hiondúil meallann sé scoláirí thar réimse geografach ar leith. I bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag iarbhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iarbhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú, beidh gá le breis machnaimh chun teacht ar an mbealach cuí chun freastal ar riachtanais scoileanna den chineál seo, láidriú an tsoláthair reatha san áireamh. Tapófar an deis freisin le fiosrú a dhéanamh, i gcomhthéacs na samhlach do sholáthar múinteoirí, faoin gcaoi le rochtain ar OTM trí Ghaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile a leathnú ar bhonn geografach níos leithne trí sholáthar breise, amhail clár foghlama cumaisc, a chur ar fáil, b'fhéidir, trí chomhoibriú idir sholáthraithe. Mar atá an scéal ag leibhéal na bunscoile, beidh deis ag céimithe ó na cláir seo, ar bhaint amach na céime dóibh, socrúchán bliana a fháil in iarbhunscoileanna Gaeltachta ar bhonn *ex-quota*.

## Inniúlacht na Gaeilge a mheas san oiliúint tosaigh múinteoirí

Trí nasc a dhéanamh idir measúnú ar inniúlacht na múinteoirí faoi oiliúint sa Ghaeilge leis an Teastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG)[14], is féidir feabhas a chur ar ghnóthachtáil na mac léinn sna cláir oiliúna tosaigh múinteoirí ag leibhéil indibhidiúil agus córais. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tairseach inniúlachta níos dúshlánaí a leagadh síos i dtaca leis na daoine sin a bhfuil sé ar intinn acu teagasc san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht freisin.

## Forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL)

Tá gá ag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta le tacaíocht leanúnach lena chinntiú go bhfuil an mhuinín agus an inniúlacht acu pleanáil a dhéanamh, agus cuidiú leis an soláthar d'eispéiris teagaisc agus foghlama ardchaighdeáin dá scoláirí trí Ghaeilge, agus soláthar d'eispéiris foghlama teanga idirdhealaithe, mar is cuí, do ghrúpaí foghlaimeoirí atá éagsúil ó thaobh na teangeolaíochta de. Go háirithe, beidh tacaíocht de dhíth orthu maidir leis an gcaoi chun soláthar teanga agus oideachais a idirdhealú do chainteoirí dúchais na Gaeilge i gcodarsnacht leis an soláthar a chuirtear ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge.

Ba chóir deiseanna tiomnaithe d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bheith ar fáil a chuirfidh ar chumas múinteoirí i scoileanna Gaeltachta athmhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas seomra ranga, é a chomhroinnt agus é a fhorbairt ar bhealaí a chuirfidh feabhas ar thorthaí oideachais agus teanga d'fhoghlaimeoirí. Is inmhianta an rud é go n-áireodh deiseanna tiomnaithe FGL dá leithéid do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta eispéiris foghlama éagsúla lena n-áirítear iad siúd atá foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, pearsanta agus gairmiúil, comhoibríoch agus aonair, scoilbhunaithe agus seachtrach don scoil nó ionad oibre. Ba chóir deiseanna tiomnaithe FGL do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta a bheith ailínithe leis an gcreat forbartha gairmiúla do mhúinteoirí sa phobal scoile i gcoitinne.

D'eascródh eispéiris foghlama dá leithéid as deiseanna tiomnaithe FGL ag na seirbhísí tacaíochta, deiseanna líonraithe múinteoirí agus scoileanna, gabháil don staidéar iarchéime, agus taighde agus rannpháirtíocht in éispéiris thumtha ar fhoghlaim teanga i limistéar Gaeltachta. Is inmhianta an rud é freisin go ndéanfar deiseanna forbartha gairmiúla dá leithéid a chomhthéacsú sa taighde oideachais agus oideolaíoch i gcoitinne agus go ngiarálann siad na struchtúir agus acmhainní atá ar fáil cheana chun tacú le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. Ba chóir deiseanna a láidriú chun cleachtas a chomhroinnt idir na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus iad siúd atá ag gníomhú san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne trí líonrú agus trí phobail ghairmiúla cleachtais a bhunú.

Amhail na múinteoirí i scoileanna eile, tá sé mar fhreagracht ar mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta freisin, leas a bhaint as na deiseanna forbartha gairmiúla a dhíríonn ar an gcomhthéacs i dtaca lena n-eolas ábhair agus oideolaíoch a choinneáil cothrom le dáta agus lena dtiomantas a léiriú dá bhfás foghlama agus gairmiúil mar mhúinteoirí sa chomhthéacs a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge nó sa chomhthéacs Gaeltachta.

## Comhordú ar sholáthar na dtacaí tiomnaithe FGL do scoileanna Gaeltachta

Toisc gur codán beag iad na scoileanna Gaeltachta agus, go deimhin, na scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, de líon na scoileanna go náisiúnta, tá gá le gníomhaireacht aonair chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar na dtacaí tiomnaithe FGL atá riachtanach do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta chun cuidiú leo páirt a ghlacadh sna próisis pleanála teanga i limistéir Ghaeltachta agus oideachas den scoth a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Le hainmniú gníomhaireachta amháin, cuideofar le cinntiú a dhéanamh de nach lagófar an soláthar FGL scartha do scoileanna agus múinteoirí Gaeltachta taobh istigh den soláthar ginearálta um oideachas múinteoirí agus, i gcomhthéacs acmhainní teoranta, nach bhfuil dúbláil gan ghá ar a leithéid de sholáthar. Beidh rochtain fós ag na scoileanna agus múinteoirí Gaeltachta ar na cláir a rollann na seirbhísí náisiúnta tacaíochta amach.

[14] Féadfar Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) a rochtain ar: www.teg.ie

I bhfianaise an róil chomhairligh atá ag COGG maidir le soláthar agus cur chun cinn an oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta agus soláthar na seirbhísí tacaíochta trí mheán na Gaeilge do na scoileanna sin, tá COGG suite go maith chun ról comhordaithe a ghlacadh i soláthar na tacaíochta tiomnaithe FGL do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta, ach beidh acmhainní breise de dhíth uirthi.

## Pleanáil chun FGL thiomnaithe a sholáthar do scoileanna Gaeltachta

Agus pleanáil ar siúl aici chun deiseanna tiomnaithe FGL a sholáthar do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta, beidh teagmháil ag COGG leis an Aonad Polasaí Oideachais Ghaeltachta sa Roinn agus le seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM), an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe (a bhfuil an tSeirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta ag aistriú chuici) agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile chomh maith leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO), Líonra na nIonad Oideachais agus Institiúidí Ardoideachais (IAOanna). Beidh COGG i dteagmháil freisin le scoileanna agus múinteoirí i limistéir Ghaeltachta d'fhonn riachtanais na scoileanna, na bpríomhoidí agus na múinteoirí a aithint. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin le gníomhaireachtaí agus scoileanna, déanfar plean bliantúil chun deiseanna tiomnaithe FGL dá leithéid a sholáthar, chomh maith leis na cláir náisiúnta FGL, a chomhaontú leis an Roinn ar bhonn bliantúil, agus cuirfear maoiniú imfhálaithe ar fáil do COGG chun tacú lena chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an plean cur síos ar na snáitheanna FGL atá le soláthar agus ar na róil agus freagrachtaí ar leith atá ag COGG, seirbhísí tacaíochta, ionaid tacaíochta oideachais agus páirtithe ábhartha eile maidir lena chur i bhfeidhm.

Beidh ról tábhachtach ag na trí ionad oideachais pháirtaimseartha atá lonnaithe i limistéir Ghaeltachta faoi láthair i dtacú le soláthar deiseanna FGL do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta, ní hamháin iad siúd atá pleanáilte go lárnach ach freisin iad siúd a fhreagraíonn do riachtanais aitheanta ag leibhéal áitiúil. Tacóidh na hionaid oideachais go háirithe le múinteoirí chun líonraí foghlama gairmiúla a chruthú.

Aithnítear nach bhfuil ach líon íseal múinteoirí agus gairmeoirí oideachais eile atá ar fáil agus atá toilteanach deiseanna tiomnaithe FGL trí Ghaeilge a phleanáil agus a sholáthar chuig an earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus gur féidir dúshláin a bheith roimh na seirbhísí tacaíochta in earcú na ndaoine sin. Leanfar den athbhreithniú ar pholasaithe earcaithe sna seirbhísí tacaíochta d'fhonn a fháil amach conas is fearr baill foirne mar sin a mhealladh agus a choinneáil.

Déanfaidh an Polasaí na gníomhartha seo mar thaca le Colún Tacaíochta 2 chun feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge.

***Tábla 4: Colún Tacaíochta 2: Sprioc chun feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge***

| COLÚN TACAÍOCHTA 2: Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge | | | |
|---|---|---|---|
| Sprioc | Cuspóir | Gníomhartha | Eagraíocht i gceannas |
| Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge | Athbhreithniú ar éifeachtacht na socruithe d'ath-imlonnú múinteoirí d'fhonn tacú le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht | Athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar éifeachtacht na socruithe d'ath-imlonnú múinteoirí ag leibhéal na bunscoile d'fhonn tacú le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge, go háirithe do scoileanna Gaeltachta | ROS (Rannóga Leithdháilte Múinteoirí agus Rialachais Scoile) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge | Méadú ar dheiseanna chun múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun an curaclam a sholáthar trí Ghaeilge | Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) trí mheán na Gaeilge a sholáthar do bhunmhúinteoirí a dhéileálann le riachtanais na múinteoirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ag soláthar áiteanna do 30 múinteoir in aghaidh na bliana ó 2018/19<br><br>Athbhreithniú ar an bhféidearthacht chun cúrsa dá leithéid a sholáthar i soláthraithe OTM eile i bhfianaise na taithí ar an gclár OTM seo | ROS (ROM);<br>An tÚdarás um Ard-Oideachais (ÚAO);<br>Soláthraí OTM roghnaithe le próiseas iomaíoch tairisceana |
| | | Deis a thabhairt do 30 céimí bunscoile agus 30 céimí iarbhunscoile ó chláir OTM trí mheán na Gaeilge, ar bhaint amach na céime dóibh, leas a bhaint as socrúchán ráthaithe bliana i scoil Ghaeltachta ar bhonn *ex-quota* faoi réir ag critéir réamhshocraithe | ROS (Rannóg Pá; Rannóg Leithdháilte Múinteoirí) |
| | Leathnú ar sholáthar na múinteoirí nuacháilithe don oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile | Láidriú ar sholáthar na múinteoirí ón soláthraí OTM atá ann cheana trí áiteanna a sholáthar do 30 múinteoir iarbhunscoile breise in aghaidh na bliana ó 2018/19 | ROS (ROM);<br>An tÚdarás um Ard-Oideachais (ÚAO);<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta |
| | | Fiosrú faoi na roghanna chun deis a leathnú do mhic léinn ionchasacha i réimse geografach níos leithne rochtain a fháil ar chláir OTM trí Ghaeilge agus soláthar a áireamh ar chlár foghlama cumaisc trí chomhoibriú idir soláthraithe | ROS (ROM);<br>ÚAO;<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta |
| | Fiosrú ar an bhféidearthacht chun measúnú ar inniúlacht na múinteoirí faoi oiliúint a nascadh leis an TEG | Athbhreithniú ar shocruithe do mheasúnú ar inniúlacht na múinteoirí faoi oiliúint sa Ghaeilge agus comhairle a thabhairt faoi nascacht na measúnuithe den chineál sin leis an Teastas Eorpach sa Ghaeilge (TEG) | ROS (ROM);<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge | Deiseanna tiomnaithe FGL a sholáthar do phríomhoidí agus múinteoirí i scoileanna Gaeltachta | FGL speisialta tiomnaithe bliantúil FGL a chur ar fáil do phríomhoidí agus múinteoirí i mbunscoileanna agus iarbhunscoileanna Gaeltachta, faoi stiúir COGG i gcomhar le seirbhísí tacaíochta náisiúnta, chun tacú le teagasc na Gaeilge mar chéad teanga agus mar dhara teanga | Aonad Oideachais Ghaeltachta; COGG i gcomhar le seirbhísí náisiúnta tacaíochta, Líonra na nIonad Oideachais agus An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) |
| | Leathnú ar dheiseanna do mhúinteoirí gabháil don staidéar agus taighde iarchéime ar thumoideachas agus oideachas agus oideolaíocht teanga trí mheán na Gaeilge d'fhoghlaimeoirí Gaeilge mar chéad teanga agus dara teanga | Clár iarchéime bliana a fhorbairt ar oideachas trí mheán na Gaeilge agus oideachas Gaeltachta (agus modúl roghnach bainistíochta san áireamh ann) do chohórt bliantúil de 30 múinteoir bunscoile agus iarbhunscoile atá ag freastal, lena n-áirítear príomhoidí i scoileanna Gaeltachta | ROS (ROM); ÚAO; Soláthraí iarchéime roghnaithe le tairiscint iomaíoch |
| | | Sparánachtaí taighde tríú leibhéal a sholáthar in aghaidh na bliana do chúigear bunmhúinteoirí agus cúigear múinteoirí iarbhunscoile chun gabháil do thaighde ar an oideachas trí mheán na Gaeilge agus oideachas Gaeltachta | COGG |
| | Leathnú ar dheiseanna do líonrú agus comhroinnt chleachtais | Líonraí a bhunú de mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta a áireoidh naisc le múinteoirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne | COGG; SFGM; Líonra na nIonad Oideachais |
| | | Tairseach thiomnaithe tacaíochta agus acmhainne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus san earnáil oideachais trí mheán na Gaeilge le naisc le Scoilnet agus suíomhanna ábhartha | ROS (Aonad Polasaí TFC; Aonad Oideachais Ghaeltachta) COGG; SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |

### 5.3 COLÚN TACAÍOCHTA 3: Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt

Tá ceannaireacht scoile éifeachtach riachtanach do sholáthar rathúil an oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta, go háirithe i bhfianaise na ndúshlán ar leith atá roimh na scoileanna. Is féidir le príomhoidí scoileanna Gaeltachta, in éineacht le baill dá bhfoireann shinsearach bhainistíochta scoile, ról tábhachtach a bheith acu chun fís dhearfach a chruthú maidir le háit na Gaeilge in obair na scoile agus i gcothú tiomantais ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus baill eile dá bpobal scoile chun an fhís sin a bhaint amach. Tá ról tábhachtach ag príomhoidí scoileanna Gaeltachta freisin sa cheannaireacht ar na próisis do phleanáil scoile uile agus féinmheastóireacht scoile a thacaíonn le soláthar an teagaisc trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta i dtéarmaí ionchais a shoiléiriú, comhsheasmhacht sa chur i bhfeidhm a chinntiú agus feabhsúchán i bhfoghlaim na scoláirí a chur chun cinn.

### Príomhoidí scoile agus foirne bainistíochta sinsearach

Is gá a chinntiú go gcuirtear ar chumas na bpríomhoidí agus na mball sinsearach eile d’fhoireann na scoile a róil cheannaireachta agus bhainistíochta a chur i gcrích go hiomlán i gcomhthéacs na scoile Gaeltachta. Go háirithe, tá sé tábhachtach go bhfuil an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach ag príomhoidí i scoileanna Gaeltachta lena n-áirítear tuiscint ar thumoideachas agus cumas le gabháil do phleanáil teanga scoile uile, chun freastal ar na riachtanais ar leith a bhaineann le ceannaireacht agus bainistíocht ar scoil Ghaeltachta, agus chun tacú leis an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail.

### Forbairt ghairmiúil leanúnach agus líonraí chun tacú le ceannairí scoile

Is inmhianta an rud é go ndéantar deiseanna forbartha gairmiúla do phríomhoidí a chomhthéacsú i dtaighde oideachais agus taighde bainistíochta oideachais i gcoitinne, agus go ngiarálann siad na struchtúir agus acmhainní atá ar fáil cheana chun tacú le forbairt ghairmiúil na bpríomhoidí. Áireoidh an tacaíocht do phríomhoidí soláthar de dheiseanna tiomnaithe ionduchtaithe agus FGL atá ailínithe leis an gcreat um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do phríomhoidí sa phobal scoile ginearálta. Áireoidh tacaíocht do phríomhoidí freisin bunú líonraí i measc na bpríomhoidí ar scoileanna Gaeltachta chun cuidiú le comhroinnt an dea-chleachtais. Áireofar freisin soláthar ar dheiseanna chun foghlaim agus cleachtas a chomhroinnt i dtaca le ceannaireacht agus bainistíocht idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne.

Mar a bheidh an scéal i dtaca le múinteoirí, déanfaidh COGG comhordú ar sholáthar na dtacaí tiomnaithe do phríomhoidí d’fhonn a chinntiú go gcuirtear tacaíocht leanúnach ar fáil i gcomhréir le riachtanais aitheanta agus go mbaintear úsáid éifeachtach as acmhainní agus struchtúir tacaíochta atá ar fáil. Agus pleanáil á déanamh aici don soláthar ar dheiseanna foghlama gairmiúla do phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta, beidh COGG i gcomhairle mar is gá leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS), SFGM, SSM, eagraíochtaí bainistíochta bunscoile agus iarbhunscoile agus le Gaelscoileanna Teoranta, an scátheagras don oideachas trí mheán na Gaeilge. Beidh rochtain i gcónaí ag príomhoidí na scoileanna Gaeltachta ar chláir phríomhshrutha a rollann na seirbhísí náisiúnta tacaíochta um fhorbairt ghairmiúil leanúnach amach.

### Ag tacú le boird bhainistíochta i scoileanna Gaeltachta

Tá ról an-tábhachtach ag boird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta sa tacaíocht agus pleanáil do sholáthar an oideachais trí mheán na Gaeilge agus sa tacú le húsáid na Gaeilge mar theanga a bpobail. Tá sé tábhachtach go bhfaigheadh boird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta tacaíocht scoite chun a ról ceannaireachta a chur i gcrích i gcomhthéacs scoile Gaeltachta.

Chomh maith le hoiliúint rialachais ghinearálta maoinithe ag ROS a chuireann eagraíochtaí bainistíochta agus pátrúnachta ar fáil do bhoird bhainistíochta, déanfaidh COGG comhordú ar sholáthar na hoiliúna tiomnaithe do bhoird i dtaca le pleanáil teanga, éiteas teanga na scoile a choinneáil, ról na mbord bainistíochta sa Phróiseas Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus an méid a dhéanann siad do chothabháil na Gaeilge mar theanga an phobail.

## Ról na bpátrún ar scoileanna Gaeltachta

Tá ról maoirseachta uileghabhálach ag pátrúin i dtaca le ‘spiorad sainiúil’ nó éiteas na scoile[15] a chaomhnú. Bíonn feidhm le cur i ngníomh an róil seo go háirithe nuair a thugtar faomhadh ar cheapachán na foirne teagaisc agus nuair a cheaptar na boird bhainistíochta. I scoileanna Gaeltachta, tá tábhacht ar leith le héiteas na scoile, mar atá bunaithe ar na luachanna agus traidisiúin chultúrtha agus teangeolaíochta a threoraíonn agus atá ina dtréithe de chuspóirí agus riar na scoile. I bhfianaise an scéil sin, agus líon na bpátrún thar scoileanna Gaeltachta, is gá soiléiriú a dhéanamh ar ról na bpátrún ar scoileanna Gaeltachta i dtaca le cur i bhfeidhm an éitis teangeolaíochta agus polasaithe teanga na scoileanna faoina scáth.

Déanfaidh an Polasaí na gníomhartha seo a sheachadadh mar thaca le Colún Tacaíochta 3 chun cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt.

### *Tábla 5: Colún Tacaíochta 3: Sprioc chun cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt*

| COLÚN TACAÍOCHTA 3: Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc** | **Cuspóir** | **Gníomhartha** | **Eagraíocht i gceannas** |
| Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt | Deiseanna tiomnaithe d’ionduchtú agus d’fhorbairt ghairmiúil ardchaighdeáin a sholáthar do phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta | Clár ardchaighdeáin bliantúil speisialta um fhorbairt ghairmiúil i dtaca le ceannaireacht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta); COGG i gcomhairle leis an Lárionad Ceannaireachta Scoile (LCS); Seirbhísí náisiúnta tacaíochta (SFGM, STOS/ STC, SSM); Líonra na nIonad Oideachais agus SNSO |
| | Leathnú ar dheiseanna do phríomhoidí gabháil do thaighde iarchéime ar cheannaireacht agus bainistíocht, go háirithe i dtaca le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus tumoideachas sa chomhthéacs scoile Gaeltachta. | Féach clár iarchéime ar oideachas trí mheán na Gaeilge agus oideachas Gaeltachta thuas ag 5.2 | ROS (ROM); ÚAO; Soláthraí iarchéime roghnaithe le tairiscint iomaíoch |
| | | Sparánachtaí a sholáthar do phríomhoidí chun gabháil do thaighde i dtaca le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus oideachas Gaeltachta ó Ráithe 3 2018 | COGG |

[15] De réir Alt 15(2)(b) den Acht Oideachais, 1998 go ndéanfaidh bord bainistíochta scoile ‘spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh.’

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt | Leathnú ar dheiseanna do líonrú agus comhroinnt chleachtais | Líonraí gairmiúla a bhunú de phríomhoidí i scoileanna Gaeltachta a áireoidh naisc le príomhoidí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne | COGG i gcomhairle le SFGM, LCS, Líonra na nIonad Oideachais, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN), Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (CNPL/NAPD) |
| | | Tairseach acmhainne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus earnáil an oideachais trí mheán na Gaeilge le naisc le Scoilnet agus suíomhanna ábhartha | ROS (Aonad Polasaí TFC; Aonad Oideachais Ghaeltachta); COGG; SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |
| | Tacú le boird bhainistíochta ina róil sa bhainistíocht agus rialachas, go háirithe i dtaca le héiteas agus pleanáil teanga | Treoirlínte a fhorbairt do bhoird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta ó Ráithe 4 2017 | COGG i gcomhairle le LCS agus eagraíochtaí bainistíochta |
| | | Rochtain ar oiliúint speisialta a thabhairt do bhoird bhainistíochta uile na scoileanna Gaeltachta ar a laghad uair amháin gach dhá bhliain ó 2018 | COGG i gcomhairle le LCS agus seirbhísí tacaíochta |
| | Soiléiriú ar ról na bpátrún scoile i dtaca leis an éiteas teanga a chosaint i scoileanna Gaeltachta atá faoina scáth | Dul i gcomhairle le pátrúin scoile chun a ról a shoiléiriú i dtaca le héiteas teanga agus polasaithe teanga i scoileanna atá faoina scáth agus na soiléirithe sin a scaipeadh ar bhoird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta; Rannóg Rialachais Scoile) |

## 5.4 COLÚN TACAÍOCHTA 4: Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge

Tá ról lárnach ag an gcuraclam don Ghaeilge sa tacú le forbairt ar inniúlacht sa Ghaeilge i measc na bhfoghlaimeoirí agus na gcainteoirí dúchais i scoileanna Gaeltachta agus i measc na scoláirí san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne.

### Torthaí foghlama idirdhealaithe do scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

Maidir le curaclaim Ghaeilge a áiríonn torthaí foghlama do scoláirí i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge atá difriúil leis na cinn i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, tá sé de chumas acu ionchais a ardú d'fhoghlaim na Gaeilge agus tacú le soláthar eispéireas foghlama teanga saibhrithe do na scoláirí uile i scoileanna Gaeltachta, go háirithe iad siúd atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge. Cuideoidh curaclaim Ghaeilge dá leithéid freisin le feabhas a chur ar chumas na scoláirí i scoileanna Gaeltachta foghlaim trí Ghaeilge.

### Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá an Roinn agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tiomanta do churaclaim Ghaeilge idirdhealaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile. Tá ***Curaclam Teanga na Bunscoile*** forbartha do naíonáin go Rang 2, le torthaí foghlama don Ghaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge difriúil leis na cinn i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla, agus thosaigh an cur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2016. Tá clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí ag tacú leis an gcur i bhfeidhm céimneach. Tá torthaí foghlama teanga idirdhealaithe den chineál céanna á bhforbairt ag CNCM don Ghaeilge do ranganna a trí go dtí a sé.

### Sonrúcháin Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2

I ndiaidh dian-chomhairliúcháin, tá sonrúcháin idirdhealaithe á bhforbairt don Ghaeilge sa tsraith shóisearach. Freastalóidh an sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge, go háirithe, ar riachtanais foghlama Gaeilge na scoláirí atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge agus atá á n-oiliúint trí Ghaeilge. Freastalóidh an sonrúchán curaclaim T2 a forbraíodh don Ghaeilge, go háirithe, ar riachtanais foghlama Gaeilge na scoláirí atá á dteagasc trí mheán an Bhéarla. Déanfar an dá shonrúchán curaclaim don tsraith shóisearach a mheas ag dhá leibhéal, ardleibhéal agus gnáthleibhéal.

Beidh ar na hiarbhunscoileanna uile atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta an sonrúchán curaclaim T1 a chur ar fáil dá scoláirí sa tsraith shóisearach agus rannpháirtíocht na scoláirí sa rogha seo a chur chun cinn go gníomhach, go háirithe i bhfianaise an scéil go gcuirfidh an fhoghlaim teanga don scoláire a ghabhann don sonrúchán seo ar chumas an scoláire a lánacmhainneacht a chomhlíonadh mar fhoghlaimeoir Gaeilge agus tacú lena c(h)umas chun foghlaim trí Ghaeilge. Is féidir le hiarbhunscoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta an sonrúchán curaclaim T2 a chur ar fáil do scoláirí freisin sa chás gur léir go bhfreastalóidh an sonrúchán T2 níos éifeachtaí ar riachtanais foghlama Gaeilge scoláirí den chineál sin. Meastar nach mbeidh sa chohórt de scoláirí ag rochtain an tsonrúcháin churaclaim T2 ach mionlach beag scoláirí i scoileanna Gaeltachta.

Ina theannta sin, tá sé de chumas ag gearrchúrsaí sa tsraith shóisearach agus san Idirbhliain feabhas a chur ar thuiscint agus meas na scoláirí i scoileanna Gaeltachta ar chomhthéacs theanga, chultúr agus stair na Gaeltachta.

### Sonrúcháin churaclaim don tsraith shinsearach

Sa tsraith shinsearach, tosóidh obair ar shonrúcháin idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge nuair a bheidh na sonrúcháin idirdhealaithe don Ghaeilge sa tsraith shóisearach forbartha agus iad ag obair go maith sna scoileanna. Mar a tharlóidh sa tsraith shóisearach, beidh ar scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta an sonrúchán curaclaim T1 a chur ar fáil dá scoláirí agus spreagadh do líon níos mó scoláirí rogha an tsonrúcháin T1 a dhéanamh.

## Ag tacú le scoláirí i scoileanna Gaeltachta

Déanfar machnamh ar raon de bhearta d'fhonn spreagadh a thabhairt do scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge gabháil don sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge sa tsraith shinsearach. Cuirfear go mór le cumas scoile sonrúchán curaclaim T1 a sholáthar don Ghaeilge sa tsraith shinsearach má bhíonn glacadh láidir leis an sonrúchán curaclaim T1 sa tsraith shóisearach. B'fhéidir go n-áireoidh na bearta chun scoláirí a spreagadh sparánachtaí tríú leibhéal a bhronnadh ar scoláirí a fheidhmíonn ag tairseach ghrád shonraithe nó a sháraíonn í sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta. Ina theannta sin, maidir leis na scoláirí sin a ghnóthaíonn tairseach ghrád shonraithe sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge san Ardteistiméireacht, coinneofar 10% de na háiteanna sna cláir OTM uile in áirithe dóibh ar an gcoinníoll go gcloíonn na hiarratasóirí leis na riachtanais iontrála eile do na cláir sin. B'fhéidir go measfar aitheantas ar fheidhmíocht sa sonrúchán curaclaim T1 i scrúdú na hArdteistiméireachta mar riachtanas iontrála ar chúrsaí tríú leibhéal a éilíonn ard-inniúlacht sa Ghaeilge lena n-áirítear cúrsaí a áiríonn an Ghaeilge mar rogha teanga (e.g. dlí agus Gaeilge), agus cúrsaí tríú leibhéal a sholáthraítear trí Ghaeilge.

Beidh athbhreithnú leanúnach ar fhorbairt, cur i bhfeidhm agus ábhar na gcuraclam idirdhealaithe T1 agus T2 Gaeilge lena chinntiú go sásaíonn siad riachtanais na scoláirí uile, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge.

Déanfaidh an Polasaí na gníomhartha seo mar thaca le Colún Tacaíochta 4 chun feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge.

***Tábla 6: Colún Tacaíochta 4: Sprioc chun feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge***

| COLÚN TACAÍOCHTA 4: Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc** | **Cuspóir** | **Gníomhartha** | **Eagraíocht i gceannas** |
| Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge | A chinntiú go sásaíonn ábhar na gcuraclam Gaeilge riachtanais na ndaltaí/scoláirí i scoileanna Gaeltachta, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge | Cur i gcrích na forbartha ar Churaclam Teanga na Bunscoile do na ranganna uile sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus tacú lena chur i bhfeidhm lena chinntiú go sásaíonn na torthaí foghlama riachtanais na ndaltaí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear cainteoirí dúchais Gaeilge | ROS; CNCM; COGG; SFGM |
| | | Cur i gcrích na forbartha agus thabhairt isteach na sonrúchán ar leith T1 agus T2 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus a chinntiú go sásaíonn torthaí foghlama na sonrúchán curaclaim T1 riachtanais na scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear cainteoirí dúchais Gaeilge | ROS; CNCM; COGG; SFGM; SSM |
| | | Sonrúcháin curaclaim idirdhealaithe T1 agus T2 a fhorbairt don Ghaeilge sa tsraith shinsearach agus a chinntiú go sásaíonn torthaí foghlama na sonrúchán curaclaim T1 riachtanais na scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear cainteoirí dúchais Gaeilge | ROS; CNCM; COGG; SFGM |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge | Bearta a thabhairt isteach a thabharfaidh spreagadh do scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge gabháil don sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach | Ceangal a chur ar na scoileanna Gaeltachta uile sonrúchán curaclaim T1 Gaeilge a chur ar fáil do scoláirí agus scoláirí a spreagadh go gníomhach chun an rogha seo a ghlacadh<br><br>Scéim sparántachta tríú leibhéal a thabhairt isteach do scoláirí a fheidhmíonn ag tairseach ghrád shonraithe nó a sháraíonn í sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta<br><br>10% de na háiteanna sna cláir OTM uile a chur in áirithe do scoláirí a fheidhmíonn ag tairseach ghrád shonraithe nó a sháraíonn í sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta ar an gcoinníoll go gcomhlíonann na hiarratasóirí na critéir eile d'iontráil ar na cláir<br><br>Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le haitheantas ar fheidhmíocht sa sonrúchán curaclaim T1 don Ghaeilge san Ardteistiméireacht mar riachtanas iontrála ar chúrsaí tríú leibhéal a éilíonn inniúlacht níos airde sa Ghaeilge | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta; ROM agus Rannóg Ardoideachais);<br>ÚAO;<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta |

## 5.5 COLÚN TACAÍOCHTA 5: Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga

### Acmhainní agus ábhair Ghaeilge

Má tá acmhainní agus ábhair Ghaeilge ardchaighdeáin ar fáil don chomhthéacs príomhshrutha agus do chomhthéacs na riachtanas speisialta oideachais (RSO), is féidir leo siúd tacú go mór le soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta. Ó cuireadh COGG ar bun, tá feabhsuithe suntasacha déanta ar raon na n-acmhainní Gaeilge agus oideachais, lena n-áirítear téascleabhair atá ar fáil chun tacú le teagasc trí Ghaeilge. Rinne comhlachtaí eile amhail An Gúm, agus an Chomhairle Curaclaim, Meastóireacht agus Measúnú (CCEA) agus an tÁisaonad[16] i dTuaisceart Éireann, obair shuntasach don fháil ar acmhainní teagaisc agus ábhar léitheoireachta Gaeilge do dhaoine óga.

### Ábhair churaclaim agus mheasúnaithe Ghaeilge

Tá feabhas suntasach déanta freisin ar raon na n-ábhar curaclaim agus measúnaithe Gaeilge atá ar fáil le húsáid i gcomhthéacs na riachtanas speisialta oideachais i suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá dul chun cinn suntasach déanta freisin i dtaca leis an soláthar d'ábhair mheasúnaithe atá ábhartha do riachtanais Ghaeilge na bhfoghlaimeoirí i scoileanna Gaeltachta. Mar shampla, tá trialacha caighdeánacha ar fáil anois atá normaithe do phobal na mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta. Mar sin féin, tá easpa trialacha ann atá oiriúnach chun tástáil a dhéanamh ar inniúlachtaí na gcainteoirí dúchais Gaeilge. Tá srian ar thrialacha mar sin a fhorbairt mar thoradh ar na deacrachtaí a bhaineann le normú do dhaonra de chainteoirí dúchais Gaeilge ar an scála atá ann in Éirinn.

[16] An tÁisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste

## Raon agus cáilíocht acmhainní a leathnú

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá gá le forbairt leanúnach agus nuashonrú ar acmhainní atá ar fáil don earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta, chun tacú le raon iomlán na gníomhaíochta oideachais i suíomhanna príomhshrutha agus RSO. Go háirithe, tá gá lena chinntiú go bhfuil na hábhair oideachais Ghaeilge atá ar fáil inrochtana i dtéarmaí ábhair teanga d'fhoghlaimeoirí agus go bhfuil cáilíocht na n-ábhar atá ar fáil ionchurtha le cáilíocht na n-ábhar atá ar fáil as Béarla. Tá gá freisin lena chinntiú go bhfuil na hábhair Ghaeilge ar fáil do raon uile na n-ábhar, go háirithe ag leibhéal na hiarbhunscoile, agus go nuashonraítear na hábhair theanga ar bhealach tráthúil de réir mar a thagann curaclaim nua ar an saol.

## Rochtain ar thairseach thiomnaithe do scoileanna Gaeltachta agus don earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

Beidh gá le hinfheistíocht mharthanach chun forbairt leanúnach agus nuashonrú a dhéanamh ar na hacmhainní do scoileanna Gaeltachta agus don earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne. Mar phointe tosaithe, áfach, ba chóir giaráil a dhéanamh ar an saineolas agus ar na hacmhainní a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, oiread agus is féidir. Ba chóir go gcuirfí príomhoidí agus múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta uile ar an eolas faoi raon na n-acmhainní teagaisc agus foghlama Gaeilge atá ar fáil cheana agus ba chóir tacú leo maidir leis an gcaoi chun na hacmhainní a rochtain agus a úsáid. Cuideofar le cur chuige den chineál sin trí thairseach tacaíochta thiomnaithe a bhunú don oideachas Gaeltachta agus don earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne atá nasctha le Scoilnet agus le suíomhanna gréasáin ábhartha eile.

Déanfaidh tairseach thiomnaithe don oideachas trí mheán na Gaeilge óstáil freisin ar threoirlínte i dtaca le cleachtas pleanála, bainistíochta, oideolaíoch agus measúnaithe i scoileanna Gaeltachta a fhorbróidh na hábhair a cruthaíodh go dtí seo agus a ionchorpraíonn na tuiscintí agus an dea-chleachtas a luaitear sa taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a bhreathnaítear i seomraí ranga a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear seomraí ranga den chineál sin i scoileanna Gaeltachta. Déanfaidh an tairseach óstáil freisin ar threoir i dtaca le nithe a bhaineann go sainiúil le soláthar RSO sa chomhthéacs a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear tús áite do scileanna litearthachta na Gaeilge agus don Ghaeilge mar theanga teagaisc. Déanfar fiosrú freisin maidir leis an bhféidearthacht chun freastal ar chomhroinnt acmhainní teagaisc agus foghlama tríd an tairseach chun tuilleadh feabhais a chur ar shaintaithí ghairmiúil na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta.

## Feabhas a chur ar an oideachas trí mheán na Gaeilge trí chomhoibriú Thuaidh/Theas

Le comhroinnt acmhainní ar bhonn uile-Éireann freisin tugtar deis luachmhar chun na hacmhainní uile atá ar fáil trí mheán na Gaeilge a rochtain. Tá sé de chumas ag comhoibriú Thuaidh/Theas cuidiú le comhroinnt acmhainní taighde agus saintaithí na ngníomhaireachtaí i réimsí soláthair ina bhfuil easnaimh ar raon na n-acmhainní soiléir. Beidh tábhacht ar leith le comhoibriú dá leithéid sa soláthar acmhainní a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais agus measúnú. Mar shampla, tá naisc bunaithe ag Grúpa Bainistíochta Inmheánaí SNSO le Príomh-Shíceolaithe Oideachais (PEPanna) i dTuaisceart Éireann, agus mar sin tá sé de chumas aige teagmháil a dhéanamh le COGG agus PEPanna d'fhonn fiosrú a dhéanamh faoi na bealaí le déileáil le bearnaí sna huirlisí measúnaithe scoilbhunaithe agus na huirlisí sin a choinnítear le húsáid ag síceolaithe san earnáil a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá deis ann chun iarrachtaí comhoibríocha den chineál seo a chur chun cinn a thuilleadh faoi scáth na meicníochtaí comhoibrithe Thuaidh/Theas.

## Éagsúlacht teangeolaíochta na scoileanna Gaeltachta

Déanann scoileanna Gaeltachta soláthar do scoláirí ó chúlraí éagsúla teanga lena n-áirítear iad siúd a bhfuil an Béarla mar phríomhtheanga acu sa bhaile, iad siúd a thagann ó theaghlaigh dhátheangacha, iad siúd a bhfuil an

Ghaeilge mar phríomhtheanga acu sa bhaile, agus iad siúd nach bhfuil Béarla ná Gaeilge mar theanga baile acu. Cuireann an éagsúlacht teangeolaíochta seo dúshlán roimh scoileanna agus múinteoirí agus iad ag freastal ar riachtanais oideachais agus teanga na scoláirí agus ag soláthar an churaclaim trí Ghaeilge.

## Ag tacú leis an gcainteoir dúchais Gaeilge

Go minic, bíonn fócas an tsoláthair theanga i scoileanna Gaeltachta ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé d'acmhainn acu foghlaim trí Ghaeilge. B'fhéidir go dtarlaíonn sé chun dochar na hinniúlachta teanga ag cainteoirí dúchais a bhfuil soláthar idirdhealaithe de dhíth orthu chun a bhforbairt Ghaeilge a shaibhriú agus chun a sóisialú sa Ghaeilge a chur chun cinn. Léiríonn an fhianaise nach bhfuil noirm an chainteora dúchais nó sealbhú iomlán agus saibhriú sa teanga á ngnóthachtáil ag cainteoirí dúchais óga Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá soláthar idirdhealaithe do chainteoirí dúchais Gaeilge riachtanach freisin chun tacaíocht agus dearbhú a thabhairt ar iarrachtaí na dtuismitheoirí atá ag tógáil a leanaí trí Ghaeilge.

Beidh tacaíocht de dhíth ar scoileanna agus múinteoirí chun soláthar teanga idirdhealaithe a chur ar fáil, go háirithe do chainteoirí dúchais Gaeilge ach freisin d'fhoghlaimeoirí Gaeilge sna comhthéacsanna ilranga/ ilghrád agus ilteangacha. Mar phointe tosaithe, ba chóir soláthar idirdhealaithe den chineál sin a ionchorprú sa ghnáthchleachtas seomra ranga agus tacaíocht a fháil le deiseanna foghlama gairmiúla tiomnaithe do mhúinteoirí agus príomhoidí i scoileanna Gaeltachta. Ba chóir soláthar teanga idirdhealaithe a chur chun cinn freisin trí chleachtais bhainistíochta agus cleachtais teagaisc agus foghlama a scaipeadh, bunaithe ar chleachtas éifeachtach i scoileanna Gaeltachta agus sa taighde, a thacaíonn le forbairt teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Mar sin féin, tá tacaí scoite de dhíth chun cur ar chumas na scoileanna agus múinteoirí Gaeltachta freastal ar riachtanais Ghaeilge a scoláirí, go háirithe cainteoirí dúchais Gaeilge. Forbróidh soláthar na dtacaí scoite sin struchtúir tacaíochta atá ann cheana. Cé go mbeidh ar scoileanna tús áite a thabhairt do riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais, beidh solúbthacht ag scoileanna i dtaca le húsáid na dtacaí breise i gcomhréir le próifíl teanga na scoile agus codán coibhneasta na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge sa scoil. Beidh treoir de dhíth ar scoileanna maidir le conas úsáid a bhaint as na tacaí breise chun an tionchar is fearr a bhaint amach.

## Ról an chúntóra teanga a fhorbairt agus an leas is fearr a bhaint as

Áirítear ar na tacaí scoite láidriú ar Scéim na gCúntóirí Teanga atá á cur i bhfeidhm faoi láthair i scoileanna Gaeltachta. Le scéim na gcúntóirí teanga, atá i bhfeidhm ó 1999 faoi scáth na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG), fostaítear cainteoirí dúchais Gaeilge áitiúla ar feadh cuid den scoilbhliain.

Is é cuspóir na scéime úsáid na Gaeilge a láidriú mar theanga labhartha i measc na ndaltaí agus scoláirí Gaeltachta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna, agus méadú ar a húsáid ar bhonn laethúil. Bhí an scéim spriocdhírithe ar dtús ar scoláirí ar bheagán Gaeilge nó gan Gaeilge ar bith, chun cur ar a gcumas an curaclam trí Ghaeilge a rochtain i scoileanna Gaeltachta. Le déanaí, baineadh úsáid aisti chun tacú le riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge.

Cé go bhfuil dearcadh dearfach ag taighdeoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha i leith na scéime, tá sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na scéime ar fhoghlaim teanga agus rannpháirtíocht na scoláirí agus fiosrú a dhéanamh faoin gcaoi ina bhféadfaí an scéim a láidriú chun tacú le cainteoirí dúchais Gaeilge chomh maith le foghlaimeoirí Gaeilge i limistéir Ghaeltachta. D'áireodh athbhreithniú dá leithéid, le cur i gcrích faoi scáth REOGRTG le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna, machnamh ar an gcaoi ina bhféadfaí eolas agus scileanna na gcúntóirí teanga agus a n-ionchur foghlama teanga a fheabhsú chun tacú le forbairt teanga na scoláirí.

## Tacaíocht teanga thiomnaithe do dhaltaí

Beidh rochtain ag scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta ar mhúinteoirí tacaíochta teanga breise a chuideoidh le pleananna teanga a fhorbairt sa scoil agus le tacaíocht thiomnaithe a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais foghlama Gaeilge ar leith acu, lena n-áirítear cainteoirí dúchais Gaeilge i gcomhréir le tosaíochtaí atá aitheanta ag an scoil. Déanfar soláthar na rochtana ar mhúinteoirí tacaíochta dá leithéid i scoileanna Gaeltachta a chinneadh ar bhonn rollú iomlán agus próifíl teanga na scoile. Cuirfear i bhfeidhm é de réir na samhlach nua chun acmhainní teagaisc breise a leithdháileadh do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna (an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2014).

## Ag tacú le scoláirí a bhfuil inniúlacht íseal sa Ghaeilge acu

I dtaca ionchasach teanga agus foghlama eile d'iarbhunscoileanna Gaeltachta áirítear clár dátheangach um 'Thacaíocht Naisc' (*Droichead)* a sholáthar sa tsraith shóisearach atá ag tarlú ag an am céanna agus atá an teagasc trí mheán na Gaeilge á chur ar fáil sa phríomhchuid den scoil. Ligeann an clár *Droichead* do scoláirí a bhfuil inniúlacht íseal sa Ghaeilge acu oideachas dátheangach a bheith acu ar bhonn idirthréimhseach, agus iad ag fáil tacaí breise chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus chun a n-aistriú chuig soláthar trí mheán na Gaeilge a éascú. Áirítear sa chlár soláthar ar raon cuimsitheach d'idirghábhalacha teanga, oideolaíocha agus measúnaithe do na spriocscoláirí atá á dtacú le soláthar leathan acmhainní amhail tacaí breise teanga agus teagaisc.

Mar thoradh ar rath an chláir *Droichead* i scoil amháin is fiú é a mheas i dtaca le leathnú ionchasach ar iarbhunscoileanna Gaeltachta eile ach le haird mar is cuí ar leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil agus ar an ngá le ceannaireacht láidir, pleanáil chuimsitheach, cumarsáid éifeachtach agus tiomantas na múinteoirí chun tacú lena chur i bhfeidhm. Déanfar an fhéidearthacht leis an gclár *Droichead* a leathnú i bhfoirm leasaithe a thriail ar bhonn píolótach i roinnt iarbhunscoileanna ar bhonn léirithe spéise agus riachtanais.

## Seirbhísí oideachais trí Ghaeilge

Tá dul chun cinn déanta i dtaca le soláthar seirbhísí oideachais trí Ghaeilge do scoileanna Gaeltachta. Mar shampla, leanann Cigireacht na Roinne agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) den fhorbairt ar a gcumas lena seirbhísí féin a sholáthar trí Ghaeilge do scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta. Tá an Chigireacht tiomanta freisin dá gcigireachtaí atá dírithe ar an oideachas a sholáthar trí mheán na Gaeilge i suíomhanna oideachais luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Tá iarracht déanta ag na seirbhísí tacaíochta scoile éagsúla (lena n-áirítear an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, agus an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe) seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge chuig scoileanna i limistéir Ghaeltachta. Mar sin féin, tá dúshlán fós ag baint le soláthar seirbhísí as Gaeilge sa chomhthéacs RSO agus le rochtain ar speisialtóirí le cumas sa Ghaeilge, mar thoradh ar líon íseal na scoláirí RSO chomh maith lena scaipeadh ar fud eintiteas geografach leathan na Gaeltachta.

## Feasacht a mhéadú i dtaca le buntáistí an dátheangachais

Tá deis ann chun méadú a dhéanamh ar an bhfeasacht i measc na foirne gairmiúla agus paraghairmiúla i dtaca leis an litríocht agus fianaise eile a thacaíonn le buntáistí intleachtúla, labhartha agus gairme an dátheangachais agus i dtaca leis na riachtanais dhátheangacha ar leith atá ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhthéacsanna Gaeltachta. D'fhéadfadh ról a bheith ag COGG, i gcomhar le SNSO agus an tSeirbhís Tacaíochta Cuimsithe (STC), a bhfuil an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (STOS) ag aistriú chuici, chun treoir a sholáthar maidir le tacaíocht do riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil RSO acu i limistéir Ghaeltachta agus ról san fhorbairt ar threoirlínte chun tacú leis an bhfoireann ghairmiúil agus pharaghairmiúil maidir le buntáistí an dátheangachais. Is faoi na comhlachtaí ábhartha a bheidh an fhéidearthacht chun méadú a dhéanamh ar acmhainn na ngairmeoirí eile seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge mar thaca le riachtanais oideachais scoláirí i limistéir Ghaeltachta.

Déanfaidh an Polasaí na gníomhartha seo mar thaca le Colún Tacaíochta 5 chun feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga.

*Tábla 7: Colún Tacaíochta 5: Sprioc chun feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga*

| COLÚN TACAÍOCHTA 5: Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga | | | |
|---|---|---|---|
| Sprioc | Cuspóir | Gníomhartha | Eagraíocht i gceannas |
| Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga | Feabhas a chur ar sholáthar acmhainní agus tacaí teanga chun cuidiú le pleanáil scoile uile, teagasc, foghlaim agus measúnú i gcomhthéacsanna príomhshrutha agus RSO freisin | Tairseach thiomnaithe ar líne a bhunú do scoileanna Gaeltachta agus do sholáthar i gcoitinne trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacsanna príomhshrutha agus RSO le naisc le Scoilnet ó Ráithe 1, 2018 | ROS (Aonad Polasaí TFC; Aonad Oideachais Ghaeltachta)<br>COGG<br>SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |
| | | Forbairt agus scaipeadh ar threoirlínte dea-chleachtais do scoileanna Gaeltachta mar threoir agus taca le soláthar oideachais ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge ó 2018 (i dtaca le pleanáil teanga, ceannaireacht agus bainistíocht, úsáid acmhainní, soláthar do riachtanais teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge, cleachtas oideolaíoch trí mheán na Gaeilge, úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus caidreamh le tuismitheoirí agus naisc leis an bpobal) | COGG i gcomhar le LCS, CNCM, Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta (NAMBSE);<br>STC-STOS;<br>SFGM Teicneolaíocht san Oideachas |
| | | Comhroinnt acmhainní agus cumas taighde trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn chun forbairt bhreise a dhéanamh ar acmhainní dá leithéid ar bhonn uile-Éireann | ROS (An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta (CAP) & An Rannóg Idirnáisiúnta);<br>COGG;<br>An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM/CCEA), Tuaisceart Éireann;<br>SNSO & Príomh-Shíceolaithe Oideachais (PEPanna) i dTuaisceart Éireann |
| | | I gcomhréir le tosaíochtaí aitheanta, leanúint den leathnú agus nuashonrú ar ábhair Ghaeilge do ghnéithe uile an churaclaim agus sa chomhthéacs RSO lena n-áirítear, más féidir, forbairt ar uirlisí measúnaithe breise a bhaineann go sainiúil le riachtanais na gcainteoirí dúchais agus leis an gcomhthéacs a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge | COGG i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha amhail CCSM/CCEA agus SNSO;<br>Foras Taighde ar Oideachas (FTO) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga | Bearta a thabhairt isteach chun tacú le forbairt teanga na gcainteoirí dúchais Gaeilge agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge | Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht Scéim na gCúntóirí Teanga chun fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht do leathnú agus do sheirbhís ar chaighdeán níos airde ó Ráithe 4 2017 | REOGRTG le tacaíocht ón ROS |
| | | Rochtain a chur ar fáil chun tacú le soláthar oideachais ardchaighdeáin trí mheán na Gaeilge trí thacaíocht teanga a chur ar fáil sna scoileanna Gaeltachta aitheanta uile i gcomhréir le critéir shonraithe | ROS (Rannóg Leithdháilte Múinteoirí) |
| | | Triail phíolótach a dhéanamh ar chlár leasaithe 'Naisc' in dhá iarbhunscoil Ghaeltachta a chuireann teagasc iomlán ar fáil trí Ghaeilge, chun tacú le haistriú na scoláirí T2 go hoideachas iomlán trí mheán na Gaeilge ó Ráithe 1 2018 | ROS (Aonad Pleanála agus Tógála; Rannóg Pleanála Chun Cinn; Rannóg Leithdháilte Múinteoirí) |
| | Méadú ar an bhfeasacht i measc na foirne gairmiúla agus paraghairmiúla maidir leis an litríocht a thacaíonn le buntáistí intleachtúla, labhartha agus gairme an dátheangachais agus, go háirithe, maidir le riachtanais dhátheangacha ar leith na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcomhthéacsanna Gaeltachta | Treoir a thabhairt maidir le tacaíocht do riachtanais dhátheangacha leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i limistéir Ghaeltachta agus an treoir a scaipeadh i measc na foirne gairmiúla agus paraghairmiúla i limistéir Ghaeltachta | COGG; SNSO; STC/STOS; An Roinn Sláinte |
| | Feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta trí Ghaeilge | Méadú ar chumas na mball foirne gairmiúla agus riaracháin laistigh den Roinn Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear cigirí, síceolaithe, agus baill foirne i seirbhísí tacaíochta scoile, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta); ROS (ROM freagrach as seirbhísí tacaíochta náisiúnta um fhorbairt ghairmiúil); Cigireacht; SNSO |
| | | Méadú ar chumas na ngairmeoirí eile atá ag obair i bhfearann an oideachais seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge mar thaca le riachtanais oideachais na scoláirí i scoileanna Gaeltachta | Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais m.sh. An Roinn Sláinte agus eile |

## 5.6 COLÚN TACAÍOCHTA 6: Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú

### Tá sé de chumas ag oideachas ardchaighdeáin sna luathbhlianta leanaí a shóisialú sa Ghaeilge

Tá aitheantas i gcoitinne ann do thábhacht an oideachais sna luathbhlianta, an tréimhse ón mbreith go dtí sé bliana d'aois, sa tacú le foghlaim agus forbairt shóisialta níos déanaí. Aithnítear freisin go bhfuil cáilíocht an tsoláthair oideachais luathbhlianta ríthábhachtach chun na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach do leanaí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le forbairt teanga. I gcás na limistéar Gaeltachta, tá sé de chumas ag soláthar oideachais ardchaighdeáin luathbhlianta trí mheán na Gaeilge leanaí a shóisialú sa Ghaeilge, feabhas a chur ar a bhforbairt chognaíoch agus mhothachtálach trí Ghaeilge agus tacú lena n-aistriú chuig an bhfoghlaim trí Ghaeilge sa bhunscoil.

### Ról tábhachtach na naíonraí i limistéir Ghaeltachta

Tá ról tábhachtach ag suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, nó naíonraí i limistéir Ghaeltachta, sa tacú le forbairt teanga na leanaí sa Ghaeilge agus sa tionchar a bhíonn acu ar úsáid na teanga ag na tuismitheoirí sa bhaile. Tacaíonn aistriú na bhfoghlaimeoirí óga ó naíonraí chuig an mbunoideachas le hobair na mbunscoileanna Gaeltachta chun inniúlacht na leanaí sa Ghaeilge a chur chun cinn, idir chainteoirí dúchais agus fhoghlaimeoirí na teanga, agus le cur ar chumas na leanaí an curaclam a rochtain trí Ghaeilge. Le leathnú an tsoláthair oideachais luathbhlianta faoin gclár uilíoch um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) ó bhliain amháin go dtí dhá bhliain i Meán Fómhair 2016, tá tuilleadh feabhais curtha ar an deis do leanaí ag freastal ar naíonraí i limistéir Ghaeltachta a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fhorbairt go dtí leibhéal ard.

I bhfianaise an méid is féidir le soláthar oideachais luathbhlianta cuidiú le hinniúlacht agus úsáid teanga i limistéir Ghaeltachta, tá sé tábhachtach go mbainfí an úsáid is mó agus is féidir as an gcumas atá ag na naíonraí tacú le forbairt theanga Ghaeilge na bhfoghlaimeoirí óga i limistéir Ghaeltachta. Go háirithe, tá sé tábhachtach go bhfaigheann leanaí i naíonraí eispéiris shaibhrithe tumtha sa Ghaeilge a thacóidh lena bhforbairt teanga agus lena bhforbairt oideachais i gcoitinne agus lena gcumas páirt a ghlacadh go gníomhach san oideachas trí mheán na Gaeilge.

### Luathbhlianta sa Ghaeltacht – comhthéacs reatha

Faoi láthair tá 127 suíomh oideachais luathbhlianta ag glacadh páirt sa chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE)[17] i limistéir Ghaeltachta, a bhfuil 59 díobh ina suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus a fhaigheann tacaíocht ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG). Is é Údarás na Gaeltachta a mhaoiníonn CNNG. Tá na suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a fhaigheann tacaíocht ó CNNG ina gcuid de sheirbhísí atá lonnaithe in Ionad Chúraim Leanaí[18] nó tá siad bunaithe sa phobal. Tá impleachtaí soiléire ag soláthar an oideachais luathbhlianta trí mheán an Bhéarla ar an scála seo sa Ghaeltacht don dúshlán oideolaíoch atá roimh na bunscoileanna agus an cumas ag na pobail Ghaeltachta an Ghaeilge a choinneáil mar theanga labhartha.

### Na tacaí a chuirtear ar fáil do shuíomhanna luathbhlianta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge a dhaingniú

Tá sé tábhachtach go gcuirfí tacaí breise ar bun chun feabhas a chur ar an soláthar trí mheán na Gaeilge sna naíonraí atá ann cheana agus chun tacú le suíomhanna oideachais luathbhlianta eile atá ag glacadh páirt sa chlár ECCE a bheadh ag iarraidh a seirbhísí a chur ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge nó tacú le naíonraí nua a

17 Is é an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) an scéim íocaíochtaí le suíomhanna luathbhlianta a chuireann cúram agus oideachas luath-óige ar fáil do leanaí 3+ bliana d'aois.

18 Féadfaidh naíolann, suíomh luathbhlianta (naíonra) agus seirbhísí i ndiaidh scoile a bheith san áireamh in Ionaid Chúraim Leanaí i limistéir Ghaeltachta.

bhunú nuair atá an t-éileamh ann ar a leithéid. Tá raon tacaí riaracháin, struchtúrtha agus forbartha gairmiúla ann cheana féin, curtha ar fáil ag CNNG, agus ba chóir iad seo a dhaingniú agus a leathnú d'fhonn feabhas a chur ar an soláthar sna naíonraí atá ann cheana chomh maith le tacú le suíomhanna atá ag iarraidh bogadh chuig soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.

Mar ghníomhaireachtaí atá freagrach as na suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ba chóir do REOGRTG agus Údarás na Gaeltachta tacú le seirbhísí atá ag glacadh páirt sa chlár ECCE atá cleamhnaithe le CNNG agus a shásaíonn critéir d'aitheantas mar naíonra mar atá leagtha síos ag REOGRTG agus Údarás na Gaeltachta agus ar a bhfuil monatóireacht déanta ag CNNG. Chuideodh tacaíocht den chineál sin le naíonraí aonair foireann agus acmhainní breise a chur ar fáil d'fhonn an soláthar d'fhoghlaim idirdhealaithe Gaeilge agus d'eispéiris oideachais trí Ghaeilge a chur chun cinn chun freastal ar riachtanais leanaí ó chúlraí éagsúla teanga.

## Aistrithe idir suíomhanna luathbhlianta agus bunscoileanna Gaeltachta a láidriú

Bealach eile chun feabhas a chur ar thionchar an tsoláthair oideachais luathbhlianta trí mheán na Gaeilge sa Ghaeltacht is ea láidriú ar naisc agus ar an aistriú idir naíonraí agus bunscoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta. Chuideodh láidriú dá leithéid ar naisc  le dul chun cinn a chinntiú i bhforbairt Ghaeilge na gcainteoirí dúchais agus na bhfoghlaimeoirí Gaeilge de réir mar a ghluaiseann siad ó shuíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge chuig an mbunscoil. Le cabhair an chláir ECCE, tá sé de chumas ag naisc láidre idir naíonraí agus bunscoileanna tacú le tréimhse mharthanach (suas le ceithre bliana) de lántumadh luath sa Ghaeilge agus leanúnachas teangeolaíochta sa teanga ag céim ríthábhachtach i bhforbairt teanga leanaí.

## Naisc a chothú idir naíonraí agus bunscoileanna Gaeltachta

Féadfaidh naisc idir naíonraí agus bunscoileanna sa Ghaeltacht tarlú trí ghníomhaíochtaí amhail cumarsáid, comhroinnt acmhainní, comhroinnt eolais faoi fhoghlaimeoirí de réir mar a aistríonn siad chuig an mbunscoil, agus comhoibriú idir an naíonra agus ranganna naíonán ar chomhthionscnaimh agus ar chomhghníomhaíochtaí. Tá naisc den chineál seo atá úsáideach agus atá chun tairbhe an dá thaobh bunaithe ag neart bunscoileanna lena naíonraí áitiúla. Ba chóir dea-chleachtas den chineál sin a scaipeadh ar scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta agus go mbeadh sé mar bhonn le bunú nasc idir na scoileanna seo agus a naíonraí áitiúla. Bheifí ag súil go mbunódh scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta naisc den chineál sin mar chuid den phróiseas aitheantais do scoileanna Gaeltachta.

## Aitheantas ar naíonraí sa Ghaeltacht

Cothaíonn neart naíonraí i limistéir Ghaeltachta faoi scáth CNNG naisc cheana féin le bunscoileanna áitiúla, go háirithe i dtaca le comhroinnt eolais faoi fhoghlaimeoirí chun tacú lena n-aistriú chuig an mbunscoil. Ar mhaithe le naisc den chineál sin a leathnú agus a chinntiú go mbíonn dul chun cinn i bhforbairt teanga na leanaí, ceann de na critéir a bheidh ann d'aitheantas mar naíonra i limistéir Ghaeltachta ná nasc a bhunú idir an naíonra agus bunscoil atá aitheanta mar scoil Ghaeltachta. Iarrfar ar CNCM machnamh ar leith a dhéanamh ar an gceist seo san obair atá ar siúl aige ar thacú le haistrithe, lena n-áirítear aistriú eolais faoi fhoghlaimeoirí, ó shuíomhanna oideachais luathbhlianta chuig bunscoileanna.

## Feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil na gcleachtóirí i naíonraí

Is féidir an soláthar oideachais luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta a láidriú freisin trí fheabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil na gcleachtóirí i naíonraí i dtéarmaí a n-inniúlachta sa Ghaeilge agus na tuisceana atá acu ar oideolaíocht teanga, lena n-áirítear an tumoideachas sna suíomhanna oideachais luathbhlianta. Ní mór do phearsanra a fhostaítear i naíonraí faoi scáth CNNG riachtanais na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a shásamh

i dtéarmaí na Rialachán um Chúram Leanaí agus conradh an chláir ECCE. Ní mór don stiúrthóir ar gach naíonra faoi CNNG cáilíocht cláir FETAC Leibhéal 6 a bheith aige/aici agus ní mór don stiúrthóir cúnta cáilíocht FETAC Leibhéal 5 a bheith aige/aici. Ina theannta sin, tá modúl i dtaca le saibhriú na Gaeilge, agus sochtheangeolaíocht agus an leanbh, déanta ag an stiúrthóir ar gach naíonra faoi CNNG.

Déanfar fiosrú faoi dheiseanna chun feabhas níos mó a chur ar na cáilíochtaí agus deiseanna FGL atá ar fáil do chleachtóirí ag obair sna naíonraí ag REOGRTG agus Údarás na Gaeltachta i gcomhairle le gníomhaireachtaí ábhartha amhail an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Áirítear ar na roghanna le meas: rochtain a éascú ar chúrsaí ábhartha sa chúram leanaí trí mheán na Gaeilge agus cúrsaí saincheaptha a sholáthar a dhíríonn ar réimse den soláthar oideachais (e.g. tumoideachas) a bhaineann go sainiúil le riachtanais na hearnála oideachais luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Déanfar machnamh freisin ar an bhféidearthacht le cáilíocht shaincheaptha a sholáthar san oideachas luathbhlianta trí mheán na Gaeilge do chleachtóirí agus cleachtóirí ionchasacha ag obair i naíonraí a shásóidh riachtanais rialacháin agus riachtanais na foirne atá ag obair i suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

## Seirbhísí luathbhlianta trí Ghaeilge

Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar seirbhísí atá ar fáil do naíonraí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá Cigireacht na Roinne tiomanta do chigireachtaí dírithe ar an oideachas i naíonraí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair, ina próiseas earcaíochta, cuireann TUSLA, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, san áireamh gur inmhianta an rud é cigireachtaí bunaithe ar an nGaeilge a éascú i limistéir Ghaeltachta. Maidir leis an bhféidearthacht chun soláthar dá leithéid a leathnú agus cuairteanna eile cigireachta agus tacaíochta, amhail na cinn sin faoi scáth Phobal, agus an tSeirbhís Tacaíochta Ardchaighdeáin *Better Start*, a sholáthar trí mheán na Gaeilge, is faoi na comhlachtaí ábhartha a bheidh sé sin.

I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, féachfaidh an Polasaí leis na gníomhartha seo a dhéanamh mar thaca le Colún Tacaíochta 6 chun soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú.

***Tábla 8: Colún Tacaíochta 6: Sprioc chun soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú***

| COLÚN TACAÍOCHTA 6: Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc** | **Cuspóir** | **Gníomhartha** | **Eagraíocht i gceannas** |
| Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú | Éifeacht an tsoláthair trí mheán na Gaeilge a neartú i gcomhthéacs an oideachais sna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta | Treoir a chur ar fáil do naíonraí agus bunscoileanna maidir le naisc a fhorbairt idir na naíonraí agus an bhunscoil le heiseamláirí den dea-chleachtas a chur san áireamh | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta); CNCM; COGG; Údarás na Gaeltachta |
| | | Maoiniú agus acmhainní foirne breise a chur ar fáil chun tacú leo seo a leanas:<br>- naíonraí atá ann cheana féin le feabhas a chur ar a soláthar<br>- suíomhanna oideachais eile sna luathbhlianta ar mhian leo a seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge<br>- naíonraí nua sa Ghaeltacht a bhunú áit a bhfuil éileamh ann dóibh<br>- líon na naíonraí a fheidhmíonn trí Ghaeilge faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta a mhéadú | REOGRTG; Údarás na Gaeltachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú | | Deiseanna a aithint agus a sheachadadh chun tacú le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcleachtóirí i suíomhanna oideachais sna luathbhlianta trí mheán na Gaeilge i limistéir Ghaeltachta e.g. Clár Leibhéal 6/7 a fhorbairt ar oideachas trí mheán na Gaeilge agus Gaeltachta sna luathbhlianta do na cleachtóirí luathbhlianta | REOGRTG;<br>Údarás na Gaeltachta;<br>RLGÓ;<br>Institiúid Ardoideachais |
| | | Feabhas a chur ar sholáthar na seirbhísí cigireachta trí Ghaeilge sna naíonraí | ROS (Cigireacht);<br>RLGÓ;<br>TUSLA: An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach;<br>Pobal |

## 5.7 COLÚN TACAÍOCHTA 7: Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo

### Feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'oideachas trí mheán na Gaeilge

Is é an aidhm atá ag *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* a chinntiú go bhfuil oideachas trí mheán na Gaeilge den chaighdeán is airde ar fáil d'fhoghlaimeoirí i limistéir Ghaeltachta. Má bhaintear an aidhm seo amach beifear in ann tuismitheoirí leanaí i scoileanna Gaeltachta a chur ar a gcompord maidir leis na roghanna teanga a dhéanann siad agus beifear in ann tacú le húsáid na Gaeilge sa phobal áitiúil freisin. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán leathan a rinneadh le scoileanna agus pobail na Gaeltachta agus an polasaí seo á fhorbairt cuireadh le fís na Roinne maidir leis an oideachas Gaeltachta, leis an bpróiseas aitheantais do na scoileanna Gaeltachta, agus leis an tsamhail tacaíochta do scoileanna mar atá leagtha amach sa Pholasaí seo.

Ós rud é gur stádas leochaileach é stádas na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta agus go bhfuil méadú ar líonta na dteaghlach atá ag bogadh ón nGaeilge go dtí noirm Bhéarla, má tá rath le bheith ar chur i bhfeidhm na mbeart sa Pholasaí seo beidh gá le tacaíocht ó scoileanna agus pobail na Gaeltachta, agus go háirithe ó na tuismitheoirí agus scoláirí. Le cur i bhfeidhm an Pholasaí seo agus a bhearta beidh gá freisin le tiomantas ó na ranna Stáit agus gníomhaireachtaí Stáit uile cuí, go háirithe i gcomhthéacs a gcuid freagrachtaí faoin *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, an tAcht Oideachais 1998 agus Acht na Gaeltachta, 2012.

### An luach agus na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus an tumoideachas a léiriú

Beidh gá leis an luach a bhaineann leis an nGaeilge i sochaí nua-aimseartha agus na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus an tumoideachas a léiriú. Beidh gá freisin dul i ngleic leis na páirtithe cuí maidir le réasúnaíocht agus príomhghnéithe an Pholasaí agus faoin réimse beart a chuirfear i bhfeidhm. Beidh straitéis chumarsáide chun tacú leis an bPolasaí seo de dhíth ina ndéantar an rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear tuismitheoirí agus scoláirí, a ionchorprú, maidir leis an dá ghné thábhachtacha seo agus ina ndéanfar soiléiriú ar róil agus freagrachtaí na bpáirtithe éagsúla lena n-áirítear na ranna Rialtais chomh maith leis na gníomhaireachtaí Stáit agus scoileanna. Go sainiúil, beidh gá le scoláirí a éascú le go bhfeicfidh siad iad féin mar na príomhghníomhaithe agus an Ghaeilge á labhairt agus á cur chun cinn mar theanga cumarsáide laethúil acu.

## Naisc phobail agus naisc idir na suíomhanna oideachais

Agus naisc dhearfacha idir scoileanna agus pobail cothaithe is féidir leo ionchur suntasach a bheith acu leis an nGaeilge a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh de na scoileanna Gaeltachta. Le naisc den sórt sin is féidir deiseanna breise a chur ar fáil do scoláirí leis na nGaeilge a úsáid agus lena líofacht sa teanga a shaibhriú, feabhas a chur ar an gcumas atá iontu foghlaim trí Ghaeilge agus an Ghaeilge a úsáid mar theanga cumarsáide laethúil. D'fhéadfadh naisc a bheith i gceist idir scoileanna agus eagraíochtaí cultúrtha, spóirt agus teanga, idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna, agus idir suíomhanna oideachais sna luathbhlianta agus bunscoileanna.

## An dul chun cinn agus leanúnachas i dtaithí na foghlama teanga

Tá ríthábhacht le naisc láidre a bhunú idir suíomhanna luathbhlianta agus bunscoileanna agus idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna sa Ghaeltacht le go mbeidh dul chun cinn agus leanúnachas i dtaithí na scoláirí i gcúrsaí oideachais agus trí mheán na Gaeilge ós rud é go n-aistríonn siad ó shuíomh amháin go dtí suíomh eile. D'fhéadfadh naisc idir suíomhanna oideachais a tharlú trí dheiseanna cumarsáide, acmhainní a chomhroinnt, eolas a chomhroinnt faoi fhoghlaimeoirí de réir mar a bhíonn siad ag aistriú idir suíomhanna, agus tríd an gcomhoibriú idir suíomhanna maidir le comhthionscnaimh agus comhghníomhaíochtaí. Is é a bheadh i gceist lena leithéid de naisc ná tacaí a bhunú le héascú a dhéanamh d'aistriú na scoláirí idir suíomhanna, lena n-áirítear tacaí teanga agus clár um aistriú a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá ag teacht isteach sa suíomh nua.

Tá cuid mhór fianaise ann maidir le naisc dhearfacha idir scoileanna agus pobail agus naisc idir suíomhanna oideachais i limistéir Ghaeltachta. Tá sé tábhachtach go ndéantar cleachtas éifeachtach den sórt sin a chomhroinnt i measc na suíomhanna oideachais i limistéir Ghaeltachta, trí threoirlínte b'fhéidir nó trí líonraí múinteoirí nó scoileanna.

## Rannpháirtíocht sa phróiseas pleanála teanga

Beidh ar scoileanna atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta comhoibriú leis an bpróiseas pleanála teanga Ghaeltachta atá ar siúl ina bpobal áitiúil féin agus a bheith rannpháirteach iontu. Tá sé tábhachtach go ndéantar ról na scoileanna agus an t-ionchur atá acu sa phróiseas pleanála teanga a shoiléiriú, go n-aithnítear na struchtúir agus an cur chuige le rannpháirtíocht éifeachtach na scoileanna a éascú, agus go dtugtar léargas ar na torthaí inláimhsithe lena mbeifí ag súil ón rannpháirtíocht seo. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar soiléiriú ar ról agus freagrachtaí na n-eagraíochtaí atá ainmnithe le bheith i gceannas ar an bpróiseas pleanála teanga chun teagmháil a dhéanamh le scoileanna Gaeltachta, agus ar an struchtúr lena leithéid de theagmháil a éascú. Ba chóir tús áite a thabhairt maidir leis an soiléiriú de gach rud thuas sa chomhairliúchán leis an REOGRTG agus le hÚdarás na Gaeltachta agus leis na páirtithe eile cuí agus ba chóir iad a chur san áireamh i dtreoirlínte a chuirtear chuig scoileanna, eagraíochtaí i gceannas agus pobail na Gaeltachta le linn na luathchéimeanna de chur i bhfeidhm an Pholasaí seo.

## Ag tacú le tuismitheoirí agus ag iarraidh orthu bheith páirteach

Tá tábhacht ar leith le comhpháirtíochtaí agus caidrimh atá dearfach a bhunú idir scoileanna agus tuismitheoirí i gcás na scoileanna Gaeltachta. Tá tábhacht leis freisin i gcás na naíonraí. Ar lámh amháin, ní mór a dhearbhú le tuismitheoirí i limistéir Ghaeltachta, is cuma faoina gcúlra teanga, faoi na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge dá leanaí ó thaobh a gcuid foghlama reatha agus amach anseo, an cumas atá iontu le teangacha a fhoghlaim, a bhforbairt phearsanta agus shóisialta, agus na deiseanna gairmeacha atá ann dóibh. Ní mór a dhearbhú le tuismitheoirí atá ag tógáil a leanaí trí Ghaeilge go bhfuil fiúntas lena n-iarrachtaí lena leithéid a dhéanamh dá leanaí agus dá bpobal. Bíonn tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí

freisin le go mbeidh siad in ann cuidiú le forbairt Ghaeilge a leanaí agus lena bhfoghlaim. Ar an lámh eile, tá ríthábhacht le tacaíocht na dtuismitheoirí don pholasaí teanga agus don mheán teagaisc i scoileanna ar leith le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil go héifeachtach sna scoileanna sin agus le dearcthaí dearfacha a chothú agus le go mbeidh comhoibriú óna leanaí le polasaí teanga a scoile.

## Ag cur leis an rannpháirtíocht le tuismitheoirí

Beidh tacaíocht de dhíth ar scoileanna Gaeltachta agus naíonraí leis an rannpháirtíocht le tuismitheoirí a bhainistiú, go háirithe má bhíonn éilimh iomaíocha ann. Is gá tús áite a thabhairt do thacaíocht na dtuismitheoirí a fháil d'obair na scoileanna nó naíonraí Gaeltachta agus tuismitheoirí a chumasú le tacú le foghlaim a leanaí ar scoil nó sa naíonra. I gcúrsaí taighde agus cleachtais i scoileanna Gaeltachta léirítear raon straitéisí cumarsáide, pleanála agus rannpháirtíochta éifeachtacha atá scoileanna in ann a úsáid go héasca le cur leis an rannpháirtíocht le tuismitheoirí. Ar an mbealach céanna, tá cuid mhór dea-chleachtas agus straitéisí den chineál seo in úsáid sna naíonraí. Tá sé tábhachtach go ndéantar cleachtas den sórt sin a chomhroinnt i measc na gceannairí agus na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta. I measc na ndeiseanna atá ann lena leithéid a dhéanamh tá líonraí gairmiúla, imeachtaí um fhorbairt ghairmiúil, agus treoirlínte a chur ar fáil maidir le polasaithe agus cleachtais do scoileanna Gaeltachta.

## Tacaí Gaeilge breise a chur ar fáil do thuismitheoirí

Tá sé tábhachtach freisin go mbíonn na deiseanna ag tuismitheoirí nach cainteoirí dúchais iad i limistéir Ghaeltachta le feabhas a chur ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge agus go spreagtar iad chun a leithéid a dhéanamh.

Bíonn tacaíocht de dhíth ar thuismitheoirí atá ag tógáil a leanaí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht freisin. Is forbairt dhearfach iad fás na nIonad Tacaíochta do Theaghlaigh i limistéir Ghaeltachta áirithe i dtaca leis seo. Is féidir leis na hionaid seo seirbhísí riachtanacha agus comhairle a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ina gcónaí sa Ghaeltacht ar mian leo a leanaí a thógáil trí Ghaeilge. Cuireann na hionaid seo saincheisteanna um fheasacht teanga chun cinn chomh maith le seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh ar nós seirbhísí cúram leanaí, seirbhísí oideachais sna luathbhlianta, seirbhísí um chomhairle teanga, seirbhísí comhairleacha réamhphósta agus réamhbhreithe, seirbhísí sláinte poiblí, teiripe urlabhra, seirbhísí síceolaíochta agus seirbhísí eile don óige. Samhlaítear má dhéantar tuilleadh forbartha ar a leithéid d'ionaid i limistéir Ghaeltachta, ina gcuimsítear polasaí Gaeilge láidir, go gcabhródh sé seo go mór le scoileanna Gaeltachta dul i ngleic leis na dúshláin teanga atá leagtha amach sa Pholasaí seo.

I gcomhar le gníomhaireachtaí eile, féachfaidh an Polasaí leis na gníomhartha seo a dhéanamh mar thaca le Colún Tacaíochta 7 chun feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

### *Tábla 9: Colún Tacaíochta 7: Sprioc chun feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo*

| COLÚN TACAÍOCHTA 7: Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo | | | |
|---|---|---|---|
| Sprioc | Cuspóir | Gníomhartha | Eagraíocht i gceannas |
| Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí. agus tacú leo | Feasacht a mhéadú maidir leis an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* | Straitéis cumarsáide agus feachtas poiblíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le scaipeadh an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* agus tiomantas pobail áitiúil a chothú tríd an bpróiseas pleanála teanga le stádas scoile Gaeltachta a roghnú i gcomhréir le critéir teanga ar leith | ROS (Aonad Oideachais Ghaeltachta); REOGRTG; Údarás na Gaeltachta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Feasacht a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí. agus tacú leo | An dea-chleachtas a chomhroinnt maidir le naisc dhearfacha idir scoileanna agus pobail a chothú | Treoir a chur ar fáil agus a chraobhscaoileadh maidir le naisc idir scoileanna agus pobail agus naisc idir suíomhanna oideachais a chothú, lena n-áirítear eiseamláirí den chleachtas éifeachtach | COGG |
| | Soiléiriú a dhéanamh ar an ról a bheidh ag cúrsaí oideachais agus scoileanna le cur leis an bpróiseas pleanála teanga atá ar siúl faoi Acht na Gaeltachta, 2012 agus na struchtúir a dhéanfaidh a leithéid rannpháirtíochta a éascú | Tús áite a thabhairt d'ullmhú na dtreoirlínte maidir le rannpháirtíocht na scoileanna sa phróiseas pleanála teanga agus rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí i gceannas le scoileanna | REOGRTG; Údarás na Gaeltachta; COGG |
| | Ag tacú le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht tuismitheoirí | Feasacht a fhorbairt i measc tuismitheoirí agus pobal i limistéir Ghaeltachta maidir leis an bhfiúntas a bhaineann leis an teanga, leis an gcultúr Gaelach agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán trí bhileoga eolais do thuismitheoirí, seimineáir agus na meáin shóisialta | REOGRTG; Údarás na Gaeltachta; COGG |
| | | Treoirlínte a fhorbairt do scoileanna Gaeltachta maidir le rannpháirteachas agus rannpháirtíocht tuismitheoirí | COGG; An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse; An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Iarbhunoideachas |
| | | Deiseanna a aithint agus a mhéadú le cur le hinniúlacht Ghaeilge na dtuismitheoirí i limistéir Ghaeltachta | REOGRTG; Údarás na Gaeltachta; Boird Oideachais agus Olliúna (BOOanna) |
| | | Breis forbartha a dhéanamh ar Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh sa Ghaeltacht chun tacú le tuismitheoirí Gaeltachta ar mian leo a gcuid páistí a thógáil trí Ghaeilge. | REOGRTG; Údarás na Gaeltachta |

# 6. Cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Cuirfear struchtúir thiomnaithe i bhfeidhm chun tacú le cur i bhfeidhm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*.

## Aonad Oideachais Ghaeltachta agus Foireann Cigireachta Ghaeltachta Thiomnaithe

Bunófar Aonad Oideachais Ghaeltachta laistigh den Roinn leis an bpróiseas aitheantais do scoileanna Gaeltachta a bhainistiú agus chun teagmháil a dhéanamh le pobail agus scoileanna na Gaeltachta. Déanfaidh an t-aonad nua maoirseacht ar leithdháileadh na n-acmhainní agus tacaí tosaigh ar a leithéid de scoileanna i gcomhar leis na rannóga cuí den Roinn, agus le gníomhaireachtaí eile. Déanfaidh an t-aonad nua monatóireacht freisin ar chur i bhfeidhm an phróisis aitheantais i scoileanna i gcomhar le Cigireacht na Roinne.

Beidh ar gach scoil Ghaeltachta a ghlacann páirt sa phróiseas aitheantais plean gníomhaíochta a fhorbairt mar chuid dá phróiseas féinmheastóireachta scoile. Sa phlean gníomhaíochta seo leagfar amach conas atá na critéir le haitheantas a fháil á gcomhlíonadh ag an scoil agus na gníomhartha atá ar bun aici leis an soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge a láidriú. Tabharfaidh gach bunscoil agus iarbhunscoil tuairisc faoin dul chun cinn atá déanta i dtaca lena soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge agus an comhlíonadh atá déanta aici ar chritéir aitheantais trína próisis féinmheastóireachta scoile.

Déanfaidh foireann Cigireachta thiomnaithe maoirseacht agus monatóireacht sheachtrach ar phróiseas chur i bhfeidhm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta*. Tabharfaidh an fhoireann Cigireachta comhairle agus tacaíocht do gach scoil Ghaeltachta le machnamh a dhéanamh ar a héifeachtúlacht maidir le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge agus maidir leis na gníomhartha atá curtha i bhfeidhm aici le riachtanais foghlama a scoláirí sa chéad agus sa dara teanga a aithint agus le freagairt dóibh, agus cabhróidh sí le dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár atá aici le feabhsú. Beidh cigirí ag obair go dlúth le baill foirne COGG agus le baill foirne seirbhísí tacaíochta na scoile a bheidh ag obair i gcomhar le COGG chun tacú leis na feabhsuithe sna scoileanna. Beidh soláthar an dara sciar d'acmhainní breise do scoil aonair ag brath ar a mhéad agus atá soláthar trí mheán na Gaeilge á sheachadadh ag an scoil, an úsáid atá á baint aici as a hacmhainní agus an fhorbairt atá á déanamh aici ar a hinniúlacht, agus cur i bhfeidhm a plean gníomhaíochta sa Ghaeilge, mar atá léirithe sa mhonatóireacht a dhéanann an Chigireacht. Mar thoradh ar an monatóireacht a dhéanfaidh an Chigireacht beifear in ann an Roinn a chur ar an eolas maidir le héifeachtúlacht chur i bhfeidhm an Pholasaí agus faoin bpróiseas aitheantais i scoileanna ar leith thar na scoileanna Gaeltachta.

Rachaidh Aonad Oideachais Ghaeltachta na Roinne i gcomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí eile, maidir le bearta a sheachadadh sa Pholasaí atá faoina gcoimirce agus déanfaidh sé maoirseacht ar fhorbairt plean gníomhaíochta bhliantúil i gcomhairliúchán le gníomhaireachtaí eile.

Beidh príomhról freisin ag Aonad Oideachais Ghaeltachta na Roinne le straitéis chumarsáide a fhorbairt a thacóidh le craobhscaoileadh an Pholasaí agus le róil agus freagrachtaí a shoiléiriú don rannpháirteachas le scoileanna, tuismitheoirí agus pobail de chuid na Gaeltachta. Beidh pearsanra atá in ann seirbhísí an Aonaid a chur ar fáil trí Ghaeilge san Aonad nua.

## Comhordú sheachadadh na dtacaí - COGG

Gheobhaidh an tAonad Oideachais Ghaeltachta tacaíocht ó COGG dá chuid oibre agus rachaidh sé i gcomhairle go dlúth le COGG maidir leis seo. Mar gheall ar an sainchúram atá ar COGG le comhairle a chur agus le comhordú a dhéanamh maidir le hacmhainní teagaisc a sholáthar, seirbhísí tacaíochta agus taighde a chur ar

fáil don Ghaeilge agus don oideachas trí mheán na Gaeilge agus comhairle a chur maidir le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge i gcoitinne, beidh ról sa bhreis ag COGG ina ndéanfar comhordú ar thacaíochtaí agus tionscnaimh ar leith a sheachadadh don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus le gníomhaireachtaí eile. Beidh na freagrachtaí áirithe seo a leanas ar COGG:

- Comhordú a dhéanamh ar sholáthar FGL tiomnaithe do mhúinteoirí agus príomhoidí i scoileanna Gaeltachta chomh maith leis na cláir FGL atá á soláthar ag seirbhísí tacaíochta náisiúnta. San áireamh ina leithéid de sholáthar FGL tiomnaithe beidh tacaíocht le haghaidh rannpháirteachais ó scoileanna sa phróiseas pleanála teanga Gaeltachta agus cur i bhfeidhm cuir chuige tumoideachais
- Forbairt agus bainistíocht a dhéanamh ar thairseach acmhainní ar líne do scoileanna Gaeltachta atá ceangailte le Scoilnet
- Forbairt a dhéanamh ar threoirlínte dea-chleachtais do scoileanna Gaeltachta.

Glacfar le céimeanna lena chinntiú go mbíonn an cumas agus na hacmhainní ag COGG ó thaobh cóiríochta agus ball foirne de a bhfuil an taithí oideachais chuí acu leis an ról comhordaithe seo a chur i gcrích chomh maith leis na freagrachtaí reatha atá aici. Go sonrach, cuirfear socruithe i bhfeidhm, faoi réir an fhaofa ón Roinn agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, le leasú a dhéanamh ar údarás COGG ar bhonn reachtúil ionas gur féidir léi baill foirne a earcú. Déanfar prótacail a fhorbairt freisin le soiléiriú a dhéanamh ar na róil agus na teagmhálacha idir COGG agus an tAonad Oideachais Ghaeltachta nua agus na seirbhísí tacaíochta agus gníomhaireachtaí cuí. Déanfar na hacmhainní atá riachtanach le go gcuirfidh COGG na bearta Gaeltachta ar leith i bhfeidhm a mhaoiniú tríd an Aonad Oideachais Ghaeltachta.

### Rialachas

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* thar thréimhse ama agus déanfar coigeartuithe de réir mar is gá. Chuige sin, bunófar grúpa comhpháirtíochta idir-rannach faoi chathaoirleacht na Roinne, agus lena n-áirítear REOGRTG, RLGÓ agus an Roinn Oideachais, Tuaisceart Éireann (DENI) agus na gníomhaireachtaí eile cuí ar nós COGG, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge.

### Meastóireacht agus taighde

Cuirfear clár meastóireachta agus taighde i bhfeidhm freisin le hathbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chur i bhfeidhm iomlán an Pholasaí agus a bhearta le linn na tréimhse ama cúig bliana den Straitéis. Beidh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) agus Cigireacht na Roinne bainteach lena leithéid de chlár meastóireachta.

## 7. Conclúid

Sa *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* seo aithnítear an príomhról a d'fhéadfadh a bheith ag scoileanna agus an córas oideachais i gcomhar leis na réimsí eile chun tacú le húsáid na Gaeilge i bpobail Ghaeltachta i rith tréimhse nuair atá stádas na teanga mar theanga an teaghlaigh agus an phobail faoi bhagairt níos mó agus níos mó.

Sa Pholasaí soiléirítear na critéir nach mór do scoileanna a chomhlíonadh má tá siad le bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta sa todhchaí. Sa Pholasaí freisin, leagtar amach raon de bhearta agus tacaí forlíontacha a chuirfear ar fáil do scoileanna Gaeltachta le go mbeidh siad in ann taithí oideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge dá gcuid scoláirí a chomhlíonann a riachtanais theangeolaíocha agus a riachtanais oideachais eile. Trí chur i bhfeidhm na ngníomhartha a aithníodh sna seacht gColún atá mar bhonn agus taca ag an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* thar a thréimhse ama cúig bliana, tá sé mar aidhm ag an Roinn tacú agus cur le ról na scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna oideachais sna luathbhlianta.

Is é sprioc uileghabhálach an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* a chinntiú go bhfuil taithí ar oideachas trí mheán na Gaeilge atá ar ardchaighdeán agus iomchuí ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéir Ghaeltachta agus sa chaoi seo le tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta.

Táthar ag súil go gcuideoidh cur i bhfeidhm an Pholasaí in éineacht leis an bpróiseas pleanála teanga faoi Acht na Gaeltachta, 2012, agus i gcomhar leis na páirtithe eile cuí, le beocht nua a chruthú maidir leis an nGaeilge i scoileanna Gaeltachta agus sna pobail a bhfreastalaíonn siad orthu.

# 8. Tagairtí


- An Chomhairle Mhúinteoireachta (2015). *Mionchuntas ar Chosán: An Dréacht-Chreatlach um Fhoghlaim Múinteoirí.*
- An Chomhairle Mhúinteoireachta (2011). *Polasaí ar an Leanúntas in Oideachas Múinteoirí.*
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015). *An Curaclam Teanga.*
- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (2014). *Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu: Bealach níos Fearr agus níos Cothroime.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019: Ráiteas Straitéise.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta d'Iarbhunscoileanna.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte do Bhunscoileanna.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2016). *Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019.
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Creat don tSraith Shóisearach.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015) *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta: Cás-Staidéir Bhunscoile agus Iar-Bhunscoile.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015*). Athbhreithniú ar an Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar an Litríocht Náisiúnta.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta.*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Soláthar Scoile i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta - Soláthar Reatha agus Éileamh Amach Anseo.*
- Ó Giollagáin, C.; Mac Donnacha. S.; Ní Chualáin, F.; Ní Shéaghdha, A. & O'Brien, M. (2007). *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátal agus Moltaí.*
- Rialtas na hÉireann. *Acht na Gaeltachta (2012*).
- Rialtas na hÉireann. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.*
- Rialtas na hÉireann. *An tAcht Oideachais (1998*).
- Rialtas na hÉireann. *An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú).* 1982.
- Rialtas na hÉireann. *An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú).* 1956.